


# Tuarascáil Bhliantúil 2023

Irish Blood Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann





# Clár Ábhar


Réamhrá/Brollach ... 4
Tuarascáil an Chathaoirligh ... 6
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ... 15
Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis & Eolaíochta ... 18
Seirbhísí do Dheontóirí agus Lóistíocht ... 21
- Na príomhrudaí a baineadh amach in 2023 ... 21
- Seirbhísí do Dheontóirí ... 23

Táirgeadh agus Seirbhísí Ospidéil ... 25
- Na príomhrudaí a baineadh amach in 2023 ... 25
- Táirgeadh, Seirbhísí Ospidéil, Tacaíocht Eolaíochta agus Tástáil Forbartha Comhábhar ... 25

Tástáil ... 27
- An tSaotharlann Náisiúnta Scagthástála Deontóirí ... 27
- An tSaotharlann um Ghéineolaíocht Grúpaí Fola (SGGF) ... 30
- Saotharlann Haemaiteolaíochta Imdhíonachta Ceall Dearg (SHICD) ... 31
- An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Histea-Chomhoiriúnachta agus Imdhíon-Ghéineolaíochta (SNTHI) ... 34
- Diagnóisic/Crosmheaits, Corcaigh ... 36

Seirbhísí Eile ... 39
- Fíochán ... 39
- CSNÉ ... 39
- ONH ... 40
- Aifiréis Theiripeach ... 42

Cáilíocht & Comhlíonadh ... 47
- Riosca & Athléimneacht ... 52

Gníomhaíochtaí Acadúla, Taighde agus Nuálaíocht ... 53
- Na príomhéachtaí a baineadh amach in 2023 ... 53
- Foilseacháin, Taighde, Tionscadail ábhartha, teagasc etc ... 53

Straitéis ... 55
- Na príomhéachtaí a baineadh amach in 2023 ... 55

Acmhainní Daonna ... 57
- Na príomhéachtaí a baineadh amach in 2023 ... 57

T,S&S ... 65
- Na príomhéachtaí a baineadh amach in 2023 ... 65
- TFC ... 66

Inbhuanaitheacht ... 67
- Na príomhéachtaí a baineadh amach in 2023 ... 67

Airgeadas ... 71
Sonraí Teagmhála ... 73



# Réamhrá

Bhí obair lárnach Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann (IBTS) dírithe riamh anall ar na tráchtearraí is luachmhaire atá ann: an fhuil agus comhábhair fola. Bímid dírithe gach lá ar leanúnachas an tsoláthair fola, agus sinn i mbun machnaimh ar fheidhmíocht IBTS in 2023, is é an táscaire is tábhachtaí dúinne ná i bhfianaise an éilimh mhéadaithe ar fhuil agus ar chomhábhair fola, d'éirigh linn fós freastal ar an éileamh sin, a bhuíochas sin dár bhfoireann agus féile ár ndeontóirí. Don chéad uair le roinnt blianta anuas, ní raibh aon ghá le fuil a onnmhairiú.

Bhí cúpla cúis leis an éacht seo:

- I ndiaidh stad a chur le hearcú deontóirí nua le linn na paindéime, chuireamar fáilte roimh 11,000 deontóir nua chuig ár gclinicí in 2023. Táimid ag obair le cinntiú go méadaíonn an líon deontóirí nua arís i mbliana le gur féidir linn a bheith muiníneach as leanúnachas an tsoláthair fola agus gan a bheith go mór i dtuilleamaí ár ngnáthdheontóirí faoi mar a bhíomar le cúpla bliain anuas
- I ndiaidh ár rialacha incháilitheachta a leathnú i dtreo dheireadh 2022, agus tástáil maláire a thabhairt isteach in 2023, táimid anois in ann deontóirí nua a earcú ó dhaonra atá i bhfad níos leithne agus níos éagsúla, rud a léiríonn éagsúlacht na bhfaighteoirí. Déantar incháilitheacht gach deontóra a mheas ar bhonn a gcúinsí indibhidiúla féin, agus molaim do gach deontóir ionchais a n-incháilitheachta a sheiceáil ar **https://giveblood.ie/can-i-give-blood/**
- Tá lúcháir orainn a bheith in ann clinicí deonaithe soghluaiste a chur ar fáil i seanionaid agus in ionaid nua agus go háirithe a bheith ar ais ar champais ollscoile, mar a bhfuil súil againn go gcuirfidh mic léinn tús le gnás deonaithe fola a leanfaidh siad go ceann blianta fada.

Bliain thar a bheith cruógach ba ea 2023 dár bhfoireann i raon leathan réimsí. Tá ár n eolaithe agus ár bhfoirne go háirithe ag obair ar thionscnaimh laistigh dár bPlean Straitéise a thabhairt chun críche in 2024. Agus béim ar leith ar eispéireas an deontóra a fheabhsú, táimid sásta go bhfuil líon suntasach deontóirí ag déanamh a gcoinní ar líne, ar thairseach an deontóra ar ár suíomh idirlín. Leis seo, cuirtear i bhfad níos mó solúbthachta ar fáil do dheontóirí i gcás go gcaithfidh siad am a gcoinní a athrú agus cinnteoidh sé go bhfreastalóimid ar an oiread deontóirí agus is féidir ag gach clinic, agus na tréimhsí feithimh a laghdú.

Beimid réidh go luath chun Stair Sláinte Féin-Mheasúnaithe (SSFM) an deontóra a sheoladh go luath ar tháibléad sa chlinic, rud a dhéanfaidh an próiseas i dtaca le hincháilitheacht deontóra a mheas níos éifeachtaí do gach duine.

I ndiaidh cé chomh maith is a d'éirigh lenár Saotharlann Grúpála Deontóirí, ar a bronnadh Deimhniú Green Lab an bhliain seo caite, tá ár saotharlanna tástála eile ag obair ar a ndeimhniú, agus tá súil againn go mbainfidh siad amach é in 2024. Táim ag súil go mbeimid mé in ann tuairisc a thabhairt ar raon leathan tionscnamh inbhuanaitheachta i mo thuarascáil an bhliain seo chugainn agus IBTS ag druidim i dtreo Ré Glan-Nialasach.

Bhí aistriú suntasach ar Bhord IBTS le linn 2023. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Kate Williams, Deirdre Cullivan, John Malone, Brian O'Mahony agus Ronan Desmond as na blianta fada a chaith siad i mbun seirbhíse do IBTS i ndiaidh dá gcuid téarmaí teacht chun deiridh in 2023. Tréimhse mórathraithe ba ea a dtéarma in IBTS agus ní hamháin go raibh an eagraíocht faoina stiúir le linn bhlianta na paindéime, ach bhí ról acu uile i dtaca le forbairt agus cur chun cinn ár bPlean Straitéisigh. Aireoimid uainn a gcuid taithí agus méid a n-eolais institiúidigh agus a ndea-ghiúmar.

Ba mhaith liom fáilte fhoirmiúil a chur roimh ár gcohórt nua de Chomhaltaí Boird, is iad siúd, Peter Dennehy, Kevin Gregory, Una Clifford, Ann O'Connor, Stephen O'Hare agus an Dr. Nina Orfali. Tá siad ar fad ag dul i dtaithí ar a ról nua agus tá siad ag tnúth go mór leis an dara leath dár straitéis a chur i bhfeidhm. Mar is gnách, tá tacaíocht shaineolach faighte ag an mBord ó fhoireann bainistíochta fíorláidir, faoi stiúir Orla O'Brien. Is mór an moladh é do IBTS agus d'Orla í féin gur ceapadh í le deireanas ar Bhord Feidhmeannach na Comhghuaillíochta Eorpaí Fola. Tá áthas orm an ceapachán mór le rá seo a thréaslú d'Orla.

Bhí áthas ar leith orm go rabhamar in ann na searmanais Gradam Deontóirí a chur ar siúl arís in 2023. Is deis iontach iad na hócáidí seo, a reáchtáiltear timpeall na tíre, do Bhord IBTS buíochas a ghabháil leis na deontóirí flaithiúla siúd ar éirigh leo 50 nó 100 deonachán a thabhairt. Faigheann na deontóirí seo an deis cloisteáil mar gheall ar thionchar nithiúil a bhflaithiúlachta mar bhí an t-ádh orainn go raibh roinnt faighteoirí i láthair chun a scéalta a roinnt linn.

Ócáidí tochtmhara is ea iad seo, mar cloisimid faoi thaithí saoil tuismitheoirí a bhfuil a bpáistí ag brath ar dheonacháin fola chun fanacht beo, chomh maith le scéalta iontach cróga a insíonn faighteoirí aonair a tháinig slán ó chruachásanna leighis trámacha a bhuíochas leis na haistrithe fola a fuair siad in am éigeandála.

Táim fíorbhuíoch de gach faighteoir a roinn a dtaithí linn ar an mbealach seo. Ghlac gach duine acu go fonnmhar le tíolacadh a ndeonachán agus is eiseamláirí iontacha iad de dhaoine atá ag baint an tsuilt is mó as an saol.

I ndiaidh an pléisiúr a fháil buíochas a ghabháil go pearsanta leis na céadta deontóir le bliain anuas, ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le gach deontóir, is cuma má thug tú deonachán amháin mar thíolacadh, nó na céadta acu. Cinntíonn bhur bhflaithiúlacht agus saineolas agus tiomantas fhoireann IBTS gur féidir le IBTS leanúint air ag cur seirbhísí fola den chéad scoth ar fáil i gcomhar leis an bpobal cúraim sláinte a fheabhsaíonn saolta othar.

**Deirdre-Ann Barr**
Cathaoirleach



# Tuarascáil an Chathaoirligh

Tuarascáil Chathaoirleach Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann maidir leis an measúnú ar rialuithe airgeadais inmheánaigh comhlachta Stáit don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 de réir Aguisín D den Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, arna leasú.

1. Aithním go bhfuil an Bord freagrach as córas rialaithe inmheánaigh airgeadais an Chomhlachta.
2. Ní féidir leis an gcóras de rialú inmheánach atá ag IBTS ach cinnteacht réasúnta a chur ar fáil, gan a bheith iomlán, nach bhfuil earráid, míráiteas nó caillteanas ábhartha ann.
3. Deimhníonn an Bord go bhfuil próiseas leanúnach ann chun rioscaí suntasacha atá roimh IBTS a shainaithint, a mheasúnú agus a bhainistiú. Déanann an Bord athbhreithniú rialta ar an bpróiseas seo trí thuairiscí a fhaightear ón bPríomhfheidhmeannach agus eolas nua a fhaightear ón gCoiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Comhlíontacht

   i. Tá an bhainistíocht freagrach as rioscaí suntasacha a bhaineann lena réimsí gnó a shainaithint agus a mheas, chomh maith le rialuithe oiriúnacha a cheapadh agus a fheidhmiú. Déantar na rioscaí sin a mheas ar bhonn leanúnach agus b'fhéidir go mbeadh baint acu le foinsí éagsúla inmheánacha agus seachtracha ar a n-áirítear cliseadh ar rialuithe, cur isteach ar chórais fhaisnéise, tubaistí nádúrtha agus riachtanais rialúcháin agus chomhlíontachta.

   ii. Tagann an bhainistíocht le chéile faoi dhó sa mhí i dtaobh saincheisteanna agus rioscaí oibriúcháin agus an bealach a ndéantar iad a bhainistiú. Is é an ról atá ag an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin sa chás seo ná athbhreithniú a dhéanamh thar ceann an Bhoird, i gcomhar leis an mBainisteoir Riosca agus Athléimneachta ar na príomhrioscaí atá i ngnóthaí IBTS, agus ar an gcóras gníomhartha a bhfuil gá leo chun rioscaí dá leithéid a bhainistiú, agus a gcuid torthaí ar ábhair shuntasacha a chur ar fáil trí Phríomhfheidhmeannach an Bhoird.

   iii. Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach don Bhord thar ceann na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin ar athruithe suntasacha ar obair IBTS agus ar an timpeallacht sheachtrach a théann i bhfeidhm ar rioscaí suntasacha. Nuair a aithnítear réimsí sa chóras ar gá feabhas a chur orthu, déanann an Bord na moltaí a dhéanann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin a mheas.

   iv. Cuireann an Stiúrthóir Airgeadais faisnéis airgeadais mhíosúil ar fáil don Choiste Airgeadais, ina bhfuil Príomhtháscairí Feidhmíochta.

   v. Tá creat rialaithe oiriúnach i bhfeidhm ina bhfuil ábhair atá sainmhínithe go soiléir arna bhforchoimeád don Bhord amháin, nó arna dtarmligean ag an mBord, lena bhfaomhadh go cuí ag an bhFeidhmeannas. Tá bainistíocht laethúil IBTS tarmligthe ag an mbord agus tá teorainneacha iomchuí socraithe don Fheidhmeannas maidir le húdarú caiteachais. Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as rialuithe inmheánacha a chur i bhfeidhm, rialuithe inmheánacha airgeadais san áireamh.

   vi. Go ginearálta, déantar monatóireacht ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais trí na próisis a bhfuil cur síos orthu thuas. Anuas air sin, déanann Coiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Comhlíontacht an Bhoird athbhreithniú ar réimsí faoi leith den rialú inmheánach mar chuid dá théarmaí tagartha.

Tá athbhreithniú sásúil déanta ag Coiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Comhlíontacht an Bhoird ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh thar ceann an Bhoird. Rinne an Coiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Comhlíonadh athbhreithniú foirmiúil ar na córais sin maidir le 2023 ag a gcruinniú ar an 14 Feabhra 2024. D'fhaomh an Bord na rialuithe inmheánacha airgeadais ag a gcruinniú ar an 19 Feabhra 2024.

## Riachtanais Bhreise Tuairiscithe

### Cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá an Bord tiomanta i dtaca leis na forálacha cuí sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016 agus arna leasú i Meán Fómhair 2020.

Tá cód iompraíochta gnó don Bhord agus cód iompraíochta d'fhostaithe curtha i bhfeidhm. Tá an dá cheann acu ar fáil ar giveblood. ie. Tá an Bord tar éis glacadh le beartas mionsonraithe taistil agus cothaithe ina gcloítear le gach gné de bheartas taistil an Rialtais.

Rinne IBTS athbhreithniú ar thuarascálacha ar rialuithe inmheánacha le linn na bliana chomh maith le hathbhreithnithe ar thuarascálacha an Údaráis Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS) ar rialuithe oibriúcháin agus comhlíontachta agus ar bhainistíocht riosca. Leanfaidh an Bord d'athbhreithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha sin agus ag oibriú go dlúth leis an ÚRTS chun na caighdeáin idirnáisiúnta is airde a chinntiú.

Tá IBTS i ndiaidh na nósanna imeachta maidir le diúscairt sócmhainní a chomhlíonadh, mar a leagtar amach sa 'Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016' arna leasú. Cloíonn IBTS leis na hoibleagáidí ábhartha go léir a shainítear faoi dhlí cánach na hÉireann.

### Rialachas Corparáideach

Tá sé mar pholasaí ag an mBord cloí leis na caighdeáin is airde de rialachas corparáideach, i gcomhréir leis na polasaithe agus na cleachtais a nglactar leo go ginearálta. Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte.

Tá lámhleabhar ag an mBord dá chomhaltaí. Tá clár ama aontaithe ag an mBord chun athbhreithniú a dhéanamh ar Théarma Tagartha Fhochoistí an Bhoird.

### Oibriú an Bhoird

Tá dáréag comhaltaí ar an mBord, Cathaoirleach neamhfheidhmiúcháin a gceapann an tAire Sláinte é/í san áireamh.

Tháinig an Bord le chéile 6 huaire le linn na bliana le haghaidh gnáthchruinnithe. Thionól an Bord cruinniú lae iomláin chun a Athbhreithniú Straitéise lárthéarma a dhéanamh ar an bPlean Straitéise 'Connections that Count.'

Seo a leanas tinreamh chomhaltaí an Bhoird ag cruinnithe an Bhoird le linn na Bliana:

| | Feab | Aibreán | Meitheamh | MF | Samh | Noll |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Deirdre-Ann Barr, Uasal | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An tUasal Brian O'Mahony | ✓ | ✓ | ✓ | - | - | - |
| Kate Williams, Uasal | - | - | - | - | - | - |
| An Dr. Elizabeth Kenny | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Dr. Ronan Desmond | × | ✓ | ✓ | - | - | - |
| Deirdre Cullivan, Uasal | ✓ | ✓ | ✓ | - | - | - |
| An tUasal John Malone | ✓ | × | ✓ | - | - | - |
| An Dr. Satu Pastila | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Dr. Sarah Doyle | × | × | × | ✓ | ✓ | ✓ |
| An tUasal David Gray | × | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An tOllamh Sharon Sheehan | | | | | | |
| An tUasal Kevin Gregory | - | × | × | ✓ | ✓ | ✓ |
| An tUasal Peter Dennehy | - | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | × |
| Una Clifford, Uasal | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ |
| Ann O'Connor, Uasal | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ |
| An Dr. Nina Orfali | - | - | - | - | - | ✓ |
| An tUasal Stephen O'Hare | - | - | - | ✓ | ✓ | ✓ |

## Comhaltaí an Bhoird

An Cathaoirleach, Deirdre-Ann Barr
An tUasal Brian O'Mahony (téarma tagtha chun deiridh ar an 19 Iúil 2023)
Kate Williams, Uasal (téarma tagtha chun deiridh ar an 14 Feabhra 2023)
An Dr. Elizabeth Kenny
An Dr. Ronan Desmond (téarma tagtha chun deiridh ar an 19 Iúil 2023)
Deirdre Cullivan, Uasal (téarma tagtha chun deiridh ar an 19 Iúil 2023)
An tUasal John Malone (téarma tagtha chun deiridh ar an 19 Iúil 2023)
An Dr. Satu Pastila
An Dr. Sarah Doyle
An tUasal David Gray
An tOllamh Sharon Sheehan (ar shaoire bhreoiteachta)
An tUasal Peter Dennehy, (ceaptha ar an 28 Márta 2023)
An tUasal Kevin Gregory, (ceaptha ar an 28 Márta 2023)
Una Clifford, Uasal (ceaptha ar an 20 Iúil 2023)
Ann O'Connor, Uasal (ceaptha ar an 20 Iúil 2023)
An tUasal Stephen O'Hare (ceaptha ar an 20 Iúil 2023)
An Dr. Nina Orfali (ceaptha ar an 13 Samhain 2023)

Faigheann gach comhalta faisnéis atá cuí agus tráthúil, chun cur ar chumas an Bhoird a dhualgais a chomhlíonadh. Glacann an Bord le comhairle chuí neamhspleách agus gairmiúil de réir mar is gá. Déantar urramú do na treoirlínte faoina n-íoctar táillí agus caiteachas chomhaltaí Boird.

| | |
|---|---|
| DA Barr, Uasal | €11,970 |
| An tUasal D Gray | €11,970 |
| S Pastila, Uasal | €11,970 |
| D Cullivan, Uasal | €7,090 |
| An tUasal J Malone | €7,090 |
| An tUasal K Gregory | €5,594 |
| An tUasal P Dennehy | €5,594 |
| An tUasal S O'Hare | €3,167 |
| U Clifford, Uasal | €3,167 |
| A O'Connor, Uasal | €3,167 |
| K Williams, Uasal | €1,934 |

Ní chomhlíonann comhdhéanamh an bhoird an ceanglas i dtaca le cothromas inscne faoin gCód Cleachtais faoi láthair.

## An Cód Caiteachais Phoiblí

Tá an Bord tiomanta chun an Cód Caiteachais Phoiblí agus Ciorclán 14/21 Socruithe ar Fhorbhreathnú ar thionscnaimh Dhigiteacha agus tionscnaimh a bhaineann le TFC sa tSeirbhís Sibhialta agus Poiblí a chomhlíonadh.

Tá modheolaíocht bainistíochta tionscadail curtha i bhfeidhm ag IBTS, atá cuí lena chur in oiriúint, ag brath ar mhéid an tionscadail atá i gceist.

Tá struchtúr coiste ceaptha ag an mBord le cabhrú le cur i gcrích éifeachtach a fhreagrachtaí.

## An Coiste Feidhmíochta agus Forbartha

Pléann an Coiste Feidhmíochta agus Forbartha go sonrach le hábhair a bhaineann le feidhmíocht agus forbairt an Phríomhfheidhmeannaigh, agus na Foirne Bainistíochta Feidhmiúcháin. Comhlíonann an Bord beartas an Rialtais maidir le pá an Phríomhfheidhmeannaigh agus na bhfostaithe. Comhlíonann an Bord na treoirlínte maidir le táillí stiúrthóra a íoc freisin. Ba é €173,679 tuarastal an Phríomhfheidhmeannaigh in 2023. Bhí trí chruinniú ag an gCoiste Feidhmíochta agus Forbartha in 2023. Oibríonn an Coiste Feidhmíochta agus Forbartha faoi théarmaí foirmiúla tagartha a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta orthu.

### Tinreamh an Choiste FF

| | Aibreán | MF | Noll |
|---|---|---|---|
| D-A Barr, Uasal | ✓ | ✓ | ✓ |
| D Cullivan, Uasal | ✓ | - | - |
| U Clifford, Uasal* | - | | ✓ |

*D'fhreastail U Clifford, Uasal ar chruinniú an Choiste Feidhmíochta agus Forbartha (CFF) i mí Dheireadh Fómhair mar bhreathnóir.

## An Coiste Comhairleach Leighis agus Eolaíochta

Ar an gCoiste Comhairleach Leighis agus Eolaíochta, tá cuid de chomhaltaí an Bhoird a bhfuil cáilíocht leighis acu agus grúpa ionadaíoch de bhaill foirne ar comhairleoirí leighis iad, chomh maith le méid áirithe comhairleoirí leighis seachtracha, agus tháinig sé le chéile 8 n-uaire in 2023. Is í an fheidhm atá aige ná monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí atá ábhartha do réimse an fhuilaistriúcháin leighis agus réimsí a bhaineann leis, chun an Bord a chur ar an eolas maidir le forbairtí den sórt sin agus comhairle a thabhairt don Bhord faoi ghníomhaíocht chuí. Oibríonn an Coiste Comhairleach Leighis agus Eolaíochta (CCLE) faoi théarmaí foirmiúla tagartha a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta orthu.

## Tinreamh an CCLE 2023

| | Ean | Feab | Aibreán | Beal | Meitheamh | MF | Samh | Noll |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E Kenny | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| S Pastila | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| S Doyle | × | × | × | × | × | ✓ | × | ✓ |
| T Hervig | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| D Ó Donghaile | ✓ | × | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| E McSweeney | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | × | ✓ | ✓ | ✓ |
| N O Flaherty | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| C DeGascun | × | × | × | × | × | × | × | ✓ |
| K Morris | × | × | × | ✓ | ✓ | × | × | × |
| R Hagan | ✓ | × | ✓ | ✓ | ✓ | × | ✓ | ✓ |
| S Thomas | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | × | ✓ | ✓ |
| A Waters | ✓ | ✓ | × | ✓ | × | × | ✓ | ✓ |
| B Quill | × | × | ✓ | × | × | × | × | × |
| I Magzoub | ✓ | × | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| E Eslsheikh | × | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| R Desmond* | × | × | ✓ | ✓ | × | - | - | - |
| B O'Mahony ** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | × | - | - | - |
| N O'Connell*** | × | × | ✓ | ✓ | × | × | × | × |
| N Moore**** | × | × | ✓ | ✓ | × | × | - | - |
| A Martinez***** | ✓ | × | × | × | - | - | - | - |
| S NiLoingsigh****** | - | - | - | - | - | - | ✓ | ✓ |
| O O'Brien ******* | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | × | ✓ | ✓ | ✓ |

* An Dr. Ronan Desmond (Comhalta Boird) tháinig a Théarma Oifige mar chomhalta Boird chun deiridh i mí Iúil, 2023
** Brian O'Mahony (Comhalta Boird) a d'fhreastalaíodh ar an CCLE - tháinig a Théarma Oifige mar chomhalta Boird chun deiridh i mí Iúil, 2023
*** D'éirigh an Dr. Niamh O'Connell as an CCLE i mí na Nollag, 2023
**** D'éirigh an Dr, Nuala Moore, Comhairleoir Gníomhach, as IBTS i mí Mheán Fómhair, 2023
***** Bhí an Dr. Auxi Martinz mar Chomhairleoir Gníomhach ach d'fhill sí ar a post substainteach i mí na Bealtaine agus dá réir sin, ní raibh sí incháilithe chun freastal ar CCLE
****** An Dr. Sorcha Ní Loingsigh a ceapadh mar Chomhairleoir IBTS i mí Mheán Fómhair, 2023
******* Freastalaíonn Orla O'Brien (POF) ar CCLE amháin

## An Coiste Airgeadais

Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile cúig huaire i rith na bliana, agus tá triúr comhaltaí Boird air. Freastalaíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Airgeadais agus an Cuntasóir Bainistíochta ar an gcoiste chomh maith. Tá cead ag an gCoiste athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna ar bith a bhaineann le cúrsaí airgeadais an Bhoird. Déanann sé athbhreithniú ar na buiséid bhliantúla chaipitiúla agus oibriúcháin, Ráitis Airgeadais Reachtúla agus cuntais bhainistíochta mhíosúla, Príomhtháscairí Feidhmíochta (PFanna) airgeadais, caiteachas caipitiúil, caipiteal oibre agus ar an sreabhadh airgid. Déanann sé athbhreithniú chomh maith ar phleanáil ghnó, cleachtais chostála, soláthar, socruithe árachais, conarthaí, baincéireacht, socruithe airgeadais agus polasaí státchiste. Déanann an Coiste athbhreithniú ar mhaoiniú agus feidhmíocht chiste pinsin an Bhoird freisin. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord ar thuairiscí bainistíochta agus airgeadais, agus cuireann sé comhairle ar fáil ar chinnteoireacht ábhartha. Oibríonn an Coiste Airgeadais faoi théarmaí foirmiúla tagartha, a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta orthu.

### Tinreamh an Choiste Airgeadais

| | Feabhra | Beal | Iúil | Meán Fómhair | Samhain |
|---|---|---|---|---|---|
| K Williams, Uasal | ✓ | - | - | - | - |
| D Cullivan, Uasal | ✓ | ✓ | ✓ | - | - |
| An tUasal J Malone | × | ✓ | × | - | - |
| An tUasal K Gregory | - | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| U Clifford, Uasal | - | - | - | ✓ | ✓ |
| An tUasal D Gray | - | - | - | ✓ | ✓ |

## An Coiste um Iniúchóireacht, Riosca & Comhlíontacht

Tháinig an Coiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Comhlíontacht le chéile cúig huaire i rith na bliana, agus tá triúr comhaltaí Boird ar an gcoiste, chomh maith le beirt chomhaltaí neamhspleácha sheachtracha. Bíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Leighis agus Eolaíochta, an Stiúrthóir Airgeadais, an Stiúrthóir Seirbhísí do Dheontóirí agus Lóistíochta, an Stiúrthóir Cáilíochta agus Comhlíontachta, an Stiúrthóir Táirgthe agus Seirbhísí Ospidéil, an Príomhoifigeach Faisnéise, an tIniúchóir Inmheánach, an Bainisteoir Riosca agus Athléimneachta ag freastal ar an gcoiste agus bíonn an Cuntasóir Cúnta ag gníomhú mar Rúnaí an Choiste. Féadfaidh an Coiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon cheisteanna a bhaineann le cúrsaí airgeadais, riosca, rialála nó comhlíontachta an Bhoird. Déanann sé athbhreithniú ar na Ráitis Airgeadais Reachtúla bliantúla, a chuimsíonn na beartais chuntasaíochta agus nótaí leis na ráitis airgeadais, ar chomhlíonadh na gcaighdeán cuntasaíochta agus ar impleachtaí cuntasaíochta a bhaineann le hidirbhearta móra, ar thuairiscí an Iniúchóra Inmheánaigh, tuairiscí cáilíochta inmheánacha agus ón ÚRTS, bainistíocht Riosca le hathbhreithnithe ar an gclár riosca corparáide san áireamh. Buaileann na hiniúchóirí seachtracha leis an gCoiste chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí an iniúchta bhliantúil ar Ráitis Airgeadais Reachtúla an Bhoird. Oibríonn an Coiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Comhlíontacht faoi théarmaí foirmiúla tagartha a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta orthu.

### Tinreamh an Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíontachta

| | Feabhra | Aibreán | Meitheamh | Meán Fómhair | Nollaig |
|---|---|---|---|---|---|
| An tUasal D Gray | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| An tOllamh S Sheehan* | | | | | |
| An tUasal P Dennehy | - | - | - | ✓ | - |
| A O'Connor, Uasal | - | - | - | - | ✓ |

*An tOllamh Sheehan ar shaoire bhreoiteachta

## An Coiste Taighde agus Forbartha

Tháinig an Coiste Taighde agus Forbartha le chéile trí huaire le linn na bliana chun maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme Straitéis Taighde agus Forbartha IBTS. Freastalaíonn an Príomhfheidhmeannach, an Stiúrthóir Leighis agus Eolaíochta, an Stiúrthóir Airgeadais agus an Príomhéascaitheoir Taighde agus Forbartha ar an gCoiste Taighde agus Forbartha. Oibríonn an Coiste Taighde agus Forbartha (TF) faoi théarmaí foirmiúla tagartha a ndéanann an Bord athbhreithniú rialta orthu.

### Tinreamh an Choiste Taighde agus Forbartha

| | Aibreán | Samh* | Noll |
|---|---|---|---|
| An tUas. B. O'Mahony | ✓ | - | - |
| An tUasal J Malone | ✓ | - | - |
| An tUasal S O'Hare | - | ✓ | ✓ |
| An tUasal P Dennehy | - | - | - |

*Bhí Cruinniú coiste TF i mí na Samhna gan chóram.

## An Clár Rioscaí

Aithníonn an clár rioscaí cineálacha éagsúla rioscaí, lena n-áirítear rioscaí straitéiseacha, rioscaí cáile, cliniciúla, TF, airgeadais agus oibriúcháin don eagraíocht, agus na rialuithe reatha agus gníomhartha breise a bhfuil gá leo chun an tionchar ar an eagraíocht a íoslaghdú i gcás go tarlaíonn an riosca sin. Tá na rioscaí a bhaineann le cibearionsaithe fós ag méadú ar fud an domhain rud a thugann ar an eagraíocht pleananna a chur i bhfeidhm chun athléimneacht cibearshlándála a fheabhsú. Próiseas leanúnach is ea sé seo agus tá sé faoi mhaoirseacht an Choiste um Iniúchóireacht, Riosca agus Comhlíontacht.

Tá freagracht ar an mBainisteoir Riosca agus Athléimneachta as maoirseacht a dhéanamh ar an gclár rioscaí agus ar shocruithe teagmhasachta. Tá tacar rioscaí bunúsacha aitheanta a ndéanann an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíonta agus an Bord monatóireacht orthu go rialta. Faoi láthair, déanann an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár riosca.

Cinntítear leis an monatóireacht sin gur rioscaí agus rialuithe reatha atá sna rioscaí a shainaithnítear agus go ndéantar rioscaí nua agus rioscaí atá ag teacht chun cinn a shainaithint agus go gcuirtear bearta rialaithe i bhfeidhm ina leith.

## Gnóthas Leantach

Tar éis fiosrúcháin réasúnacha a dhéanamh tá ionchas réasúnach ag Comhaltaí Boird go mbeidh a dhóthain acmhainní ag IBTS le leanúint i mbonn oibriúcháin san am atá díreach romhainn. Dá bharr seo, tá siad ag leanúint le bonn gnóthais leantaigh a ghlacadh agus iad ag ullmhú ráitis airgeadais. Ag teacht ón easnamh pinsin agus an baol ar athruithe i luach sócmhainní agus dliteanais na scéime pinsin i ndiaidh dáta an tuairiscithe, rinne an Bord luachanna uile an chiste pinsin agus an sreabhadh airgid a mheas thar an dá mhí dhéag ón dáta a ndearnadh na ráitis airgeadais a fhaomhadh agus iad ag déanamh measúnú ar oiriúnacht choincheap an ghnóthais leantaigh do thacar reatha na Ráitis Airgeadais agus tá siad den tuairim go mbeidh an Bord in ann a chuid dliteanas ar fad a chomhlíonadh ar a n-áirítear maoiniú a dhéanamh ar scéim pinsin IBTS de réir mar atá siad dlite. Sna cúinsí sin measann an Bord go bhfuil coincheap an ghnóthais leantaigh oiriúnach chun na Ráitis Airgeadais a ullmhú.

## Rialú Inmheánach

Tá an Bord freagrach as rialú inmheánach in IBTS agus as a éifeachtacht a athbhreithniú. Cuimsíonn an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais atá ag an mBord na rialuithe sin a bunaíodh chun cinnteacht réasúnta a chur ar fáil maidir le:

- Cosaint sócmhainní ar úsáid nó diúscairt gan údarás; agus
- taifid chuí chuntasaíochta a bheith á gcoinneáil agus faisnéis iontaofa airgeadais a bheith á úsáid san eagraíocht.

Seo a leanas na príomhghnéithe den chóras atá ag an mBord le haghaidh rialú inmheánach airgeadais:

- Córas cuimsitheach ar thuairisciú airgeadais
- Ullmhaítear Buiséad Bliantúil agus cuirtear é faoi bhráid an Choiste Airgeadais agus an Bhoird
- Monatóireacht mhíosúil ar fheidhmíocht i gcomparáid le buiséid ag an gCoiste Airgeadais agus ag an mBord
- Faomhadh sealbhóirí buiséid do bhuiséid ar leith
- Athbhreithniú buiséid le sealbhóirí buiséid
- Struchtúr airgeadais atá sainmhínithe go soiléir
- Leithscaradh cuí dualgas
- Teorainneacha soiléire údaraithe ceadaithe ag an gCoiste Airgeadais le haghaidh caiteachas caipitiúil agus athfhillteach
- Príomhphróisis airgeadais á ndoiciméadú go hiomlán i nósanna imeachta scríofa
- Stocáireamh agus réitigh rialta á ndéanamh ag foireann atá neamhspleách ar fhoireann stórais
- Seiceálacha fíorúcháin agus rialuithe pasfhocail sa chóras airgeadais
- Réiteach eisiúintí táirgí le cinntiú go bhfuil gníomhaíochtaí uile an Bhoird billeáilte go hiomlán
- Monatóireacht rialta ar an bhfeidhm rialaithe creidmheasa
- Orduithe ceannaigh arna síniú ag Bainisteoir Caidrimh Soláthair agus Soláthraithe nó ionadaí údaraithe
- Déantar foréileamh ar mhíreanna stoic trí ordú uathoibríoch
- Síniú agus códú gach sonraisc nach mbaineann le stoc ag bainisteoirí buiséid nó ag a n-ionadaithe údaraithe
- Gach sonrasc stoic a mheaitseáil go neamhspleách le Nótaí Earraí Isteach (NEI) agus orduithe ceannaigh an stórais
- Déanann comhaltaí foirne atá neamhspleách ar an bhfoireann cuntais iníoctha na seiceálacha deimhnithe ar shonraisc sholáthraithe.

Tá a fhios ag an mBord go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun bainistíocht a dhéanamh ar an riosca atá ann nach mbainfí cuspóirí gnó amach, seachas an riosca sin a dhíchur go hiomlán. Ní féidir le rialú inmheánach ach cinnteacht réasúnta a chur ar fáil, gan a bheith iomlán, nach mbeidh míráiteas nó caillteanas ábhartha i gceist.

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2023 faoi FRS102.

## Ráiteas faoi Fhreagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Le hOrdú (Bunú) Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann 1965, ceanglaítear ar an mBord chun ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, i gcomhréir le dlí na hÉireann is infheidhme agus caighdeáin chuntasaíochta, a chuireann léargas fíor agus cothrom ar staid IBTS agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu, is gá don Bhord:

- Beartais chuntasaíochta atá oiriúnach a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go seasta
- Tuairimí agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a thabhairt
- Aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás nach bhfuil sé oiriúnach a thoimhdiú go mbeidh IBTS fós ag feidhmiú.

Tá an Bord freagrach as leabhair chearta chuntais a choinneáil ina nochtar go réasúnta cruinn ag tráth ar bith staid airgeadais IBTS, agus le cur ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais an tOrdú. Tá an Bord freagrach as sócmhainní IBTS a chosaint chomh maith agus, mar sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

## Soláthar

Comhlíonann IBTS na rialacha agus treoirlínte reatha soláthair mar atá leagtha amach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

## Diúscairt Sócmhainní

Ní raibh aon diúscairt sócmhainní seasta le linn 2023.

## Nochtaí Cosanta

Comhlíonann IBTS na ceanglais faoin Acht um Nochtadh Cosanta, arna leasú in 2022 agus dearbhaíonn sé go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh de réir alt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014. Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta in 2023.

## Forbairtí atá suntasach ó thaobh tráchtála de

Thug IBTS tabhartas daonnachtúil de mhálaí fola d'údaráis na hÉigipte i mí na Nollaig 2023 i dtaca leis an gcoimhlint leanúnach i nGaza. B'ionann luach an tabhartais agus €18,500.

Osclaíodh an tairseach idirlín do dheontóirí i mí an Mheithimh 2023.

**Deirdre-Ann Barr**
Cathaoirleach





# Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

Tá an-áthas orm Tuarascáil Bhliantúil 2023 do IBTS a chur in bhur láthair. Cé gur éirigh linn na srianta a bhí ann le blianta beaga anuas a chur dínn, bhí orainn soláthar fola a bhainistiú a bhí luaineach in amanna, do roinnt grúpaí ar a laghad. Den chuid is mó, bhí ár soláthar fola ar bhonn níos seasmhaí. D'eagraíomar trí achainí ar fhuil a bhí dírithe ar dheontóirí Rhesus diúltach ach fuaireamar freagra iontach ónár ndeontóirí agus ón bpobal, mar is iondúil. Táimid an-bhuíoch as a dtacaíocht leanúnach dhílis.

Sa bhreis ar ár ngníomhaíochtaí laethúla, chuireamar tionscnaimh thábhachtacha i bhfeidhm a thagann lenár bplean straitéiseach ***Connections that Count: IBTS a Fhorbairt 2021 go – 2025***. Tá struchtúr ilbhliantúil ag cuid mhaith dár dtionscadail agus bhí baint ag cuid mhaith dár mball foirne ina gcur chun cinn i gcaitheamh na bliana. Reáchtálamar Athbhreithniú Lárstraitéise Boird i mí na Bealtaine chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta againn agus roinnt de na tionscadail is mó atá againn a phlé. Ar cheann de na héachtaí ba shuntasaí bhí an tairseach do dheontóirí a thabhairt isteach, rud a fhágann gur féidir le deontóirí rialta a gcoinní deonaithe féin a chur in áirithe agus a bhainistiú. Roimh dheireadh na bliana bhí cuntas cláraithe ag breis is 33,000 deontóir agus táimid ag súil leis an tairseach a leathnú do ghrúpaí eile sna blianta atá romhainn.

I measc éachtaí eile, tugadh tástáil maláire isteach i mí na Bealtaine, beart a fhágann gur féidir linn ár mbuíon deontóirí a mhéadú trí chuireadh a thabhairt do dhaoine ó cheantair mhaláireacha a bheith ina ndeontóirí fola gan chontúirt. Leanadh lenár dtionscadal i mbliana chun plasma ó dheontóirí Éireannacha a thabhairt isteach arís. Táimid ag súil mar thoradh ar an tionscadal seo go n-úsáidfear plasma ó dheontóirí Éireannacha arís inár gcóras sláinte faoi dheireadh 2024 / thús 2025. Chun cabhrú linn an próiseas plasma a bhainistiú, leanadh in 2023 le hobair ar leagan leictreonach dár gceistneoir sláinte agus stíle maireachtála a chur ar fáil i gclinicí agus táimid ag súil go gcuirfear an ceistneoir ar fáil ar ghléas táibléid i lár 2024.

D'oibríomar ar chomhpháirtíocht chóimheasa a fhorbairt le Seirbhís Náisiúnta Fola na Tansáine agus chríochnaíomar measúnú riachtanas a thabharfaidh le fios cé na réimsí ar a mbeimid ag obair le chéile sna blianta atá le teacht. Tá tuairisc faoi na héachtaí eile ó Straitéis Chorparáideach, Straitéis Phearsanra agus Chultúir, Straitéis Taighde agus Forbartha agus Straitéis TF le feiceáil síos tríd an tuarascáil bhliantúil seo.

Bhí orainn bris mhór a thabhairt isteach i dtaca le huimhreacha deontóirí nua a mhéadú i mbliana agus in 2023 chláraigh 11,000 duine mar dheontóirí nua, méadú a raibh fáilte againn roimhe i ndiaidh trí bliana nuair nach raibh earcaíocht ghníomhach. Leanfar leis an mbéim seo in 2024, agus é mar aidhm againn 15,000 deontóir nua eile a earcú. In éineacht le líon na ndeontóirí nua a mhéadú, táimid ag obair chomh maith chun ár mbuíon deontóirí a éagsúlú freisin. Dhíríomar isteach ar dheontóirí de bhunadh na hAfraice a earcú, agus reáchtáladh clinic i mí an Mheithimh chun feasacht ar dheonú fola agus ar an bpróiseas deonaithe fola a spreagadh. Leanfar leis an obair seo in 2024, mar má tá buíon deontóirí níos éagsúla againn is amhlaidh is fearr a bheimid in ann fuil a mheaitseáil le hothair shonracha.

I mí Feabhra, d'fhaomh an Bord an chéad samhail chúraim um míochaine fuilaistrithe san IBTS, is mar thoradh ar an bplean seo méadóidh IBTS a lucht saothair leighis sna cúig bliana amach romhainn chun teiripí agus forbairtí nua agus atá ag teacht chun cinn is atá ábhartha do IBTS a chlúdach. Cheapamar Stiúrthóir Leighis agus Eolaíochta nua a ghlacfaidh ról an Ollaimh, Tor Hervig, nuair a rachaidh sé ar scor i lár 2024, agus táimid ag

tnúth go mór le fáilte a chur roimhe agus obair in éineacht leis sna blianta amach romhainn.

I ndeireadh 2022, d'fhógair an Roinn Sláinte plean IBTS chun Ionad IBTS i gCorcaigh ar thailte Ospidéal Naomh Fionnbarra a athfhorbairt.

Tógfaidh an tionscadal seo roinnt blianta orainn lena chur i gcrích agus cuireadh tús leis an bpróiseas in 2023 nuair a ceapadh ailtire chun bailchríoch a chur ar an sainchúram forbartha. Táimid ag tnúth go mór leis an tionscadal a chur chun cinn in éineacht leis an Roinn agus ár bpáirtithe leasmhara sna blianta atá ag teacht.

Gné dhearfach eile de 2023 ab ea filleadh na Searmanas Gradam Deontóirí do dheontóirí fola iomláine agus deontóirí pláitíní. Reáchtáladh an chéad searmanas i mBaile Átha Cliath ar an lá céanna le Lá Domhanda na nDeontóirí Fola agus reáchtáladh trí shearmanas eile timpeall na tíre le linn na bliana. San iomlán, thugamar aitheantas do 470 deontóir a thug fuil 50 uair agus 150 deontóir a thug fuil 100 uair. Taithí a chur go croí ionainn ach a bhaineamar leas aisti ag an am céanna ab ea bualadh agus buíochas a ghabháil leo siúd a bhfuil éacht dochreidte déanta acu i dtaca le deonú fola agus pláitíní. Mar is iondúil, tá tacaíocht iontach léirithe ag ár ndeontóirí agus lean siad orthu ag teacht agus ag deonú in 2023, agus d'fhreastail beagnach 85,426 acu ar ár gclinicí.

Bhí béim ar inbhuanaitheacht fós in 2023 in ainneoin nach ndearnamar an oiread dul chun cinn is a bhíomar ag iarraidh a dhéanamh, agus ba léir go mbeadh saineolas ag teastáil chuige sin. Le cinntiú go ndéanfaimid dul chun cinn fiúntach in 2024, tá acmhainn Aeráide agus Inbhuanaitheachta tiomnaithe á cur chun cinn. Bhíomar ag súil go gcuirfimis iniúchadh fuinnimh mionsonraithe i gcrích i mbliana a chabhróidh le tionscadail agus gníomhartha a shainaithint a thacódh linn sprioc coigilte éifeachtúlachta fuinnimh a bhaint amach in 2030. Táimid ag súil go gcuirfear an obair seo i gcrích in 2024 agus cabhróidh sé seo linn na tionscadail a shainaithint a bheidh mar chuid dár bplean gníomhaithe ar son na haeráide.

Leanadh leis na struchtúir eagraíochta fheabhsaithe a chur i bhfeidhm freisin in 2023, agus cuireadh ceithre ghrúpa rialachais ar bun agus é mar aidhm acu idirchaidreamh ceannaireachta meánleibhéil agus rannpháirtíocht réamhghníomhach a fheabhsú. Táimid ag súil le tuilleadh daingnithe a dhéanamh ar na feabhsúcháin sin in 2024.

Mar sin féin, bhí roinnt dúshláin romhainn i mbliana agus bhí sé deacair go háirithe leibhéil leordhóthanacha foirne a choinneáil i réimsí áirithe le linn na bliana. Tá súil againn go dtosófar ar an treocht seo a aisiompú i mbliana agus go mbeidh i bhfad níos mó seasmhachta inár lucht saothair in 2024. Dála an-chuid eagraíochtaí le trí bliana anuas, chuamar in oiriúint do bhealaí nua oibre agus chuireamar ár mbeartas oibre cumaisc i bhfeidhm, i gcomhréir leis an gCreat Beartais don Obair Chumaisc in Eagraíochtaí Státseirbhíse.

Tá obair ag teastáil freisin i dtaca le cibearshlándáil agus le cinntiú gur féidir linn an Treoir Náisiúnta um Shlándáil Faisnéise a chomhlíonadh.

Le linn 2023, leanamar orainn ag comhoibriú agus ag feabhsú ár gcaidreamh lenár bpríomhpháirtithe leasmhara. Rinneamar obair nach beag i gcomhar lenár gcomhpháirtithe Eorpacha agus chuireamar go mór leis an gComhghuaillíocht Eorpach Fola (CEF). Ba mhór an onóir domsa gur ceapadh mé ar Bhord Feidhmeannach CEF i mí Dheireadh Fómhair agus táim ag tnúth le mo chúraimí a chomhlíonadh i dtaca le soláthar fola agus fíocháin shábháilte, d'ardchaighdeán agus éifeachtach ó thaobh costas de a chur ar fáil do shaoránaigh na hEorpa. Leanamar orainn ag obair leis an Údarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS) ar ábhair rialála agus ar obair shonrach chun socruithe rialachais a láidriú idir IBTS, an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais agus an ÚRTS. Chuireamar tuairisciú feabhsaithe i bhfeidhm agus chuireamar ár lámh le Meabhrán Tuisceana leis an ÚRTS inar leagadh amach ár modh reatha oibre. D'aontaíomar freisin riachtanais úsáideoirí do chóras comhthuairscithe TF nua agus táimid ag tnúth go mór lena chur chun cinn in 2024.

Faraor, bhí tuilleadh corraíola ar fud an domhain in 2023, agus i mí na Nollaig, thug IBTS, i ndiaidh teagmhála leis an Roinn Sláinte, tabhartas daonnachtúil de mhálaí fola d'údaráis na hÉigipte chun cabhrú leo siúd a bhí buailte leis an gcoimhlint idir Iosrael agus Gaza.

Is mian liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis na baill foirne atá i ndiaidh seirbhís dhílis thiomanta a thabhairt don eagraíocht agus leo siúd a d'éirigh as a róil nó a chuaigh ar aghaidh chuig poist nua le linn na bliana. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an mBord faoi chathaoirleacht Deirdre Ann Barr agus aitheantas a thabhairt dóibh as a dtreoir agus a dtacaíocht leanúnach. Táim faoi chomaoin ag an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus gach ball foirne mar gheall ar a gcuid iarrachtaí agus tacaíocht dhochreidte i rith na bliana agus sinn ag leanúint ar aghaidh ag cur seirbhísí ar fáil dár n-othair agus dár ndeontóirí.

Tá an cuspóir atá againn soiléir agus táimid fós tiomanta d'obair le chéile ar mhaithe le deontóirí agus othair chun infhaighteacht, cáilíocht, athléimneacht agus sábháilteacht an tsoláthair fola in Éirinn a chinntiú.

**Orla O'Brien**
Príomhfheidhmeannach





# Tuarascáil an Stiúrthóra Leighis & Eolaíochta

Bliain chruógach agus chorraitheach ab í 2023. Ba í seo an chéad bhliain i ndiaidh an Mheasúnaithe Riosca Deontóirí Indibhidiúil (MRDI) a thabhairt isteach, agus bhí roinnt tionscadail mhóra eile idir chamáin i gcaitheamh na bliana. Sa tuarascáil seo, tá príomhphointí i dtaca leis na gníomhaíochtaí seo, agus is féidir faisnéis níos mionsonraithe a fháil faoi na fo-cheannteidil.

Tá Samhail Chúraim Mhíochaine á cur i bhfeidhm. Leis an tsamhail seo, beidh IBTS in ann idirghníomhaíochtaí leis na hospidéil agus institiúidí acadúla in Éirinn a mhéadú, rud a rachaidh chun sochair do chóir leighis na n-othar. Ba é an dul chun cinn ba shuntasaí in 2023, ná haemaiteolaí comhairleach a cheapadh i gCorcaigh. In éineacht le Samhail Chúraim Mhíochaine, táimid tar éis tosú ar phlean den chineál céanna chun an fhoireann eolaíochta a neartú.

I gcomhréir lenár moltaí struchtúir eagraíochta, cuireadh Grúpa Rialachais Chliniciúil ar bun in 2023. I measc bhaill an ghrúpa, tá baill foirne leighis, eolaíochta agus altranais a thagann le chéile chun téamaí tábhachtacha coiteanna a phlé a thacóidh leis na seirbhísí a chuireann IBTS ar fáil d'othair agus d'ospidéil. Tá an grúpa seo tábhachtach le haghaidh comhoibriú inmheánach agus cabhraíonn sé le IBTS a dhéanamh níos tarraingtí do ghairmithe cúraim sláinte.

## Measúnú Riosca Deontóirí Indibhidiúil (MRDI)

Le cur i bhfeidhm an Mheasúnaithe Riosca Deontóirí Indibhidiúil (MRDI), cuireadh uirlis ar fáil dúinn a chuir ar ár gcumas deonú fola a dhéanamh níos ionchuimsithí. Mar sin féin, tá an bhéim is mó ar shábháilteacht othar i gcónaí, agus níl aon ráthaíocht ann nach mbeidh athruithe ar incháilitheacht deontóirí ina gcúis le hathruithe ar eipidéimeolaíocht othar. Chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar MRDI, cuireadh coiste ar bun, le hionadaí ó Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hAlban san áireamh.

Rinne an coiste monatóireacht chríochnúil ar an gcás, agus tá sé sásta a mheas gur éirigh le cur chun feidhme MRDI i dtaca le sábháilteacht othar. Le linn 2023, tháinig ardú beag ar líon na deontóirí a fuair torthaí dearfacha ar thástálacha Sifilis, ach ní raibh aon chomhartha ann gur tharla sé seo mar thoradh ar MRDI. I mí Aibreáin, ghlac ionadaithe IBTS páirt i seimineár idirnáisiúnta ar mheasúnú riosca deontóirí indibhidiúil, agus tuairiscíodh torthaí dearfacha den chineál céanna ó gach tír a chuir na critéir nua incháilitheachta i bhfeidhm. Foilsíodh tuairisc ón seimineár in Vox Sanguinis.

Is éard atá i gceist le MRDI ná ceisteanna mionsonraithe a iarraidh ar dheontóirí i dtaca lena gcuid nósanna. Is féidir go measfaí go bhfuil cuid de na ceisteanna maslach, ach bhí glacadh maith ag deontóirí fola Éireannacha leo. Táimid buíoch de na deontóirí go n-aontaíonn siad go bhfuil na ceisteanna seo riachtanach chun sábháilteacht othar a chinntiú, rud a léiríonn siad nuair a leanann siad orthu ag deonú. Ní raibh ach gearán amháin ó dheontóir i dtaca leis na ceisteanna, agus ní bhaineann ach 0.3% de na deonuithe a cuireadh ar athló leis na ceisteanna nua a tugadh isteach faoi MRDI.

Chun léargas níos grinne a fháil ar chomhlíontacht deontóirí fola, tosaíodh ar ullmhúcháin chun staidéar mór comhlíontachta a dhéanamh i gcomhar leis na seirbhísí fuilaistriúcháin in RA. Déanfar sin a chur chun cinn in 2024.

## Tástáil antasubstaintí maláire a chur i bhfeidhm agus an bhuíon deontóirí a dhéanamh níos éagsúla

Mar gheall gur cuireadh MRDI i bhfeidhm, bhí sé de chumas ag IBTS an bhuíon deontóirí a dhéanamh níos éagsúla. Mar

gheall gur nochtadh an-chuid deontóirí fola nua féideartha do mhaláire, galar tógálach ar féidir é a scaipeadh trí fhuilaistriú, bhí sé fíorthábhacht Tástáil Antasubstaintí Maláire (TAM) a chur i bhfeidhm.

Tá TAM riachtanach dúinn chun daoine de bhunadh na hAfraice a earcú. In 2023, cuireadh tús le hiarrachtaí chun deontóirí de bhunadh na hAfraice a earcú, agus cuirfear dlús leis an obair seo sna blianta atá ag teacht.

Fothoradh de chuid TAM nár gur shainaithníomar deontóirí a bhfuil rud ar a dtugtar "grúpaí fola neamhchoitianta" acu. Is meascán iad seo d'antaiginí grúpa fola a fhaightear go fíorannamh sa phobal ginearálta. Mar thoradh air seo, is fearr atá IBTS in ann deontóirí a aimsiú le haghaidh othair a bhfuil riachtanais ar leith acu.

## Plasma

Mar gheall ar bhaol an athraithigh ar ghalar Creutzfeldt-Jakob, bhí orainn cosc a chur ar dheontóirí a chaith 12 mhí nó níos mó i ndiaidh a chéile san RA le linn na tréimhse 1980-96 fuil a dheonú. I ndiaidh measúnú riosca forleathan, bhain IBTS "Ceist RA" ónár gceistneoir sláinte deontóirí fola faoi dheireadh in 2019. D'fhág sé seo gurbh fhéidir linn tosú ar thionscadal ilbhliantúil chun plasma Éireannach a thabhairt isteach arís le haghaidh fuilaistriú agus táim sásta a chur in iúl daoibh go bhfuil céim thar a bheith forbartha bainte amach ag an tionscadal seo, agus táimid ar an mbóthar ceart chun plasma Éireannach a thabhairt isteach arís i ndeireadh 2024.

## Laghdú Pataiginí i dtiúcháin phláitíní

Tá méadú ag teacht go hidirnáisiúnta ar úsáid teicneolaíochtaí laghdaithe pataiginí. Tá athrú mór i dtaca le critéir roghnaithe deontóirí fola agus tástáil fola deonaithe idir tíortha éagsúla. In Éirinn, tá córas bailíochtaithe againn i dtaca le faireachas baictéarach ar thiúcháin phláitíní agus an tástáil is sofaisticiúla amuigh le haghaidh VEID, heipitíteas B, C agus E. Le linn 2023, cuireadh an próiseas i gcrích chun modh a bhailíochtú le haghaidh pataiginí a laghdú i dtiúcháin phláitíní. Bhí torthaí na tástála ar fheabhas agus tá siad le foilsiú in irisleabhair eolaíochta idirnáisiúnta.

Ós rud é gur féidir laghdú pataiginí dochar a dhéanamh do na pláitíní, tá roinnt ábhair imní ann i dtaca le fo-iarmhairtí, rinneadh an cinneadh gan laghdú pataiginí a dhéanamh ar thiúcháin pláitíní ag an tráth seo.

## Taighde agus Forbairt

Tá na gníomhaíochtaí taighde laistigh de IBTS ag méadú go mór. Tháinig méadú freisin ar líon foilseachán agus rannpháirtíocht bhaill foirne IBTS i gcoistí eolaíochta náisiúnta agus idirnáisiúnta. Comhartha láidir ar thábhacht na n-iarrachtaí seo is ea gur tháinig roinnt institiúidí seachtracha chugainn ag iarraidh orainn a bheith rannpháirteach i mórthionscadail taighde.

## Gníomhaíochtaí Fíocháin

Tá an t-éileamh ar fhíocháin agus braonta súl séirim ag méadú i gcónaí. Is é an tosaíocht straitéiseach ná Banc Súl na hÉireann a chur ar bun arís. Tá dul chun cinn maith déanta ó thaobh oibre de agus tá an chéad aisghabháil coirne beartaithe do dheireadh 2024.

Táim i dteagmháil le heagraíochtaí den chineál céanna chun pleananna a dhéanamh chun an rochtain ar sheomraí íonghlana i mBaile Átha Cliath a mhéadú.

## Saotharlanna

Baineadh an-chuid éachtaí tábhachtacha amach i saotharlanna IBTS in 2023. Mar a luadh cheana, le tabhairt isteach TAM tá roinnt deiseanna nua ann chun deontóirí le grúpaí fola neamhchoitianta a earcú. Tá sé seo neartaithe tuilleadh le córas nua inar féidir linn eitneacht deontóirí a thaifeadadh. Tá sé seo riachtanach chun na samplaí a roghnú a

roghnófar chun grúpaí fola neamhchoitianta a aimsiú, mar baineann siad seo le heitneacht.

Tionscnamh tábhachtach eile is ea rannpháirtíocht IBTS agus deontóirí fola Éireannacha sa Chlár Náisiúnta Séireafhaireachais (CNS), atá mar chuid den Lárionad Faire um Chosaint Sláinte. Déanann Clár CNS monatóireacht ar nochtadh an phobail do SARS- CoV-2 thar thréimhse ama, le béim ar leith ar ghrúpaí inscne agus aoise agus rianaíonn sé freisin leibhéil chainníochtúla antasubstainte de réir aoisghrúpa.

Le linn 2023, choigeartaigh CNS a bhfrámaí samplaí chun tús áite a thabhairt do phobail scothaosta mar fhreagairt ar iarratais ón gCoiste Comhairleach Náisiúnta um Imdhíonadh (CCNI). Ar an gcaoi chéanna, rinneadh staidéar chun an comhchoibhneas idir leibhéil antasubstainte chainníochtúla agus measúnachtaí feidhmiúla a fhiosrú freisin.

Le linn 2023, rinneadh bailíochtú ar mheasúnacht nua do scagthástáil heipitíteas C ina gcuirtear íogaireacht agus sainiúlacht níos fearr ar fáil. Choinnigh saotharlann HICD a chreidiúnú ISO15189 i ndiaidh cigireachta i mí na Bealtaine.

## Haemafhaireachas

Le linn 2023, bhí Seimineár Náisiúnta Haemafhaireachais rathúil inar ghlac 300 toscaire páirt. Tá na gníomhaíochtaí haemafhaireachais sainordaithe de réir dlí, agus tá siad riachtanach do shábháilteacht othar i dtaca le fuilaistriúchán. Tá dul chun cinn déanta freisin i dtaca le tuairisciú don ÚRTS a bharrfheabhsú agus i dtaca le comhoibriú ar thairiscint do chóras TF nua. Leanfar leis an obair seo in 2024.

## Clár Smeara Neamhghaolmhair (CSNÉ)

Tá an t-éileamh ar thrasphlandú gascheall ag méadú agus tá ardú ar ualach oibre phearsanra na clárlainne dá réir. Is iontach a fheiceáil an leibhéal seirbhíse a chuireann foireann IBTS ar fáil do na cliniceoirí. Ina theannta sin, tá an t-éileamh ar dheontóirí gascheall Éireannach le haghaidh othair idirnáisiúnta ag méadú freisin, go háirithe anois i ndiaidh gur éirigh linn roinnt deontóirí óga Éireannacha a earcú chuig an gclár.

## An Grúpa Comhairleach Náisiúnta um Fhuilaistriú (GCNF)

Bhí post an Chinn Chliniciúil um Fhuilaistriú folamh go dtí deireadh 2023, mar sin, cuirfear tús arís le hobair GCNF in 2024.

## Tionscnamh Sláinte Domhanda - Comhoibriú le Seirbhís Náisiúnta Fuilaistriúcháin na Tansáine

Chuir IBTS tús le comhoibriú le Seirbhís Náisiúnta Fuilaistriúcháin na Tansáine mar chuid dár gcuspóirí straitéiseacha. Tá an chomhpháirtíocht ag díriú faoi láthair ar bhunriachtanais na seirbhíse sa Tansáin. Tá earcú deontóirí fola, haemafhaireachas agus táirgthe tiúchán pláitíní i measc na gceisteanna is tábhachtaí. Ina theannta sin, tá sé mar uaillmhian againn taighde a dhéanamh i dtaca leis an obair phraiticiúil. Táimid bródúil as an teagmháil idirnáisiúnta seo, na buntáistí atáimid ag tabhairt do sheirbhís náisiúnta fuilaistriúcháin eile agus an chaoi ina gcabhraíonn sé le timpeallacht dhearfach oibre a chothú in IBTS. Táimid ag tnúth go mór le tuilleadh forbartha a dhéanamh air seo sna blianta atá amach romhainn.

**An tOllamh Tor Hervig**
Stiúrthóir Leighis agus Eolaíochta

# Seirbhísí do Dheontóirí agus Lóistíocht

## Bailiúcháin

### Gradaim do Dheontóirí in 2023

| | 50anna | 100anna | Searmanais |
|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 87 | 24 | 1 |
| Corcaigh | 133 | 34 | 1 |
| Baile Átha Cliath | 250 | 97 | 2 |

## Feachtas Náisiúnta Nua arna Sheoladh

### Lifeline

I mí Mheán Fómhair, 2023, sheol Giveblood.ie feachtas nua náisiúnta um earcú deontóirí darbh ainm 'Lifeline'. Dhírigh an feachtas ar dheontóirí fola a earcú agus d'áitigh sé nach bhfuil sé de rogha againn cén uair a bheidh fuil de dhíth orainn, ach go bhfuil sé de rogha againn cén uair a dheonaímid í. Is é an sprioc atá leis ná daoine a spreagadh chun fuil a dheonú, chun tarrtháil a thabhairt orthu siúd atá ina ghátar. Áitíonn sé go mbeidh fuil de dhíth ar dhuine as gach ceathrar le linn a saol, ach níl ach 3% de dhaoine incháilithe ina ndeontóirí fola.

Cruthaíodh an t-ábhar san fheachtas seo don Teilifís, Físeáin ar Líne (Físeán ar Éileamh), Raidió, Meáin Dhigiteacha agus Shóisialta i mBéarla, agus in éineacht leis sin i nGaeilge den chéad uair, chun cur ar chumas IBTS na ceanglais bhliantúla leanúnacha i dtaca le fógraíocht i nGaeilge a chomhlíonadh. Leanfar leis an bhfeachtas seo in 2024.

## Teacht Aniar a Dhéanamh

I Mí na Samhna, sheol Giveblood.ie feachtas spriocdhírithe chun daoine a spreagadh nár dheonaigh fuil le tamall chun 'Teacht Aniar a Dhéanamh'. Bhí an feachtas dírithe orthu siúd a dheonaigh fuil san am a chuaigh thart, ach ar chúiseanna éagsúla nach ndearna é le tamall anuas. Bhí sé sin ar na Meáin Shóisialta agus ar Taispeáint Dhigiteach, agus leanfar leis an bhfeachtas in 2024.

## Comhpháirtíochtaí

D'oibrigh Giveblood.ie i gcomhar le roinnt ardáin meán cumarsáide chun ábhair oideachasúla agus spreagúla nuachta agus físe a chruthú i dtaobh na tábhachta a bhaineann le fuil a dheonú. Tugann an físeán léargas ar an bpróiseas deonacháin, agus scannánaíodh é in éineacht le tionchaire meán sóisialta ar deontóir fola í a raibh fonn uirthi feasacht a mhéadú i dtaca le deonú fola. Roinneadh an físeán deonacháin ar ardán meán sóisialta Her.ie agus roinn Holly White é ar a meáin shóisialta féin.

## Hospital Live

Bhí an-áthas ar IBTS dul i gcomhar le 'Hospital Live' RTÉ arís in 2023. Craoladh an seó thar trí oíche ó Ospidéal Mater agus chuir Philip Boucher-Hayes agus Anna Daly é i láthair.

In éineacht le fíorscéalta a chloisteáil ó fhaighteoirí fuilaistriúchán, bhí béim ar leith ar an ngá atá le deontóirí fola nua. Threoraigh Hospital Live an lucht féachana chuig suíomh idirlín giveblood.ie, áit a bhféadfaidís a chur in iúl go bhfuil suim acu a bheith ina ndeontóirí fola. Chuir breis is 1,000 duine a suim in iúl thar na trí oíche.

## Ár mBuíon Deontóirí a Éagsúla

Tugadh Tástáil Antasubstaintí Maláire isteach i mí na Bealtaine, rud a d'fhág go bhféadfadh deontóirí, nach raibh incháilithe chun fuil a dheonú roimhe seo mar gheall go raibh cónaí orthu tráth i gceantar maláire nó gur thug siad cuairt ar cheann, fuil a dheonú anois. Beart an-dearfach ab ea tástáil le haghaidh maláire chun deontóirí nua a earcú, agus cabhróidh sé chun an pobal deonaithe a éagsúlú ionas go ndéanfaidh IBTS freastal níos fearr ar riachtanais na n-othar.

## Cealla Dearga le haghaidh Corráncheall

Mar chuid den tionscnamh seo, chuamar i gcomhar le Sickle Cell and Thalassaemia Ireland (SCTI) chun clinic deonaithe fola a reáchtáil inár gClinic ar Shráid D'Olier. Chuireamar fáilte roimh dheontóirí de bhunadh na hAfraice agus bhí an-áthas orainn tacaíocht a fháil ó SCTI. Chomh maith leis sin, bhíomar ag obair in éineacht le Cumann Leighis UCD chun oideachas a chur ar mhic léinn de bhunadh na hAfraice agus chun iad a spreagadh chun fuil a dheonú le linn na gclinicí coláiste agus Ollscoile agus amach anseo.

## Comhpháirtíochtaí Pobail

Bhí lúcháir orainn tacaíocht a fháil ó CLG Chorcaí le haghaidh Lá Domhanda na Deontóirí Fola i Mí an Mheithimh, agus mar chuid de reáchtáladh clinic speisialta i bPáirc Uí Chaoimh ina raibh imreoirí agus lucht tacaíochta CLG ag deonú fola, nó ag gealladh go dtabharfaidh siad tacaíochtaí do chlinicí a reáchtálfar an bhliain seo chugainn ar fud an chontae.

## Deontóirí Céaduaire


Chuireamar fáilte roimh 11,000 deontóir céaduaire chuig ár gclinicí ar fud na tíre in 2023 (sin méadú 35% ar an mbliain seo caite). Bhí ríméad orainn freisin chun clinicí coláiste agus Ollscoile a chur ar bun arís i dtreo dheireadh na bliana, ós rud é nach rabhamar in ann déanamh amhlaidh le linn na paindéime.

Chomh maith leis sin, faigheann gach deontóir nua, go gairid i ndiaidh a gcéad deonacháin, pacáiste poist fáilte do Dheontóirí Céaduaire, san áireamh leis bhí faisnéis i dtaobh deonuithe amach anseo agus conas is féidir leo nós a dhéanamh d'fhuil a dheonú.


## Coinní ar líne le haghaidh Deontóirí Rialta

Nuair a bhíomar ag teannadh le Lá Domhanda na nDeontóirí Fola i Mí an Mheithimh, bhí áthas orainn ár dtairseach nua ar líne le haghaidh deontóirí rialta a chur ar siúl, chun cur ar a gcumas coinní ar líne a dhéanamh sa todhchaí gan an gá glaoch a chur ar IBTS roimh ré. Is follas go bhfuil an-tóir ag deontóirí reatha air seo, agus chláraigh breis is 33,000 deontóir leis ó seoladh é. Mar chuid den tseirbhís nua seo, rinneamar athdhearadh ar ár suíomh idirlín giveblood. ie, le go mbeadh sé níos éasca a úsáid agus níos tapúla le haghaidh deontóirí rialta agus nua.


## Deontóirí Lánfhola de réir Inscne





## Deontóirí Lánfhola de réir Grúpa Fola



## Deontóirí Lánfhola de réir Aoise agus Inscne




## Deonacháin Lánfhola de réir Deontóirí



# Táirgeadh agus Seirbhísí Ospidéil

## Táirgeadh, Seirbhísí Ospidéil An Slabhra Soláthair, Iompar agus Lóistíocht, Tacaíocht Eolaíochta agus Forbairt Comhábhar

### I measc na n-éachtaí a baineadh amach in 2023:

- Caomhnaíodh stoic fola ar fud an tslabhra soláthair, a d'fhág go raibh fuil agus táirgí fola ar fáil chun freastal ar riachtanais an othair i gcónaí
- Rinneadh obair le comhpháirtithe cúraim sláinte inmheánacha agus seachtracha le húsáid na gcomhábhar fola a uasmhéadú agus a bharrfheabhsú le haghaidh na ngrúpaí othar ar fad
- Cuireadh tús le feithiclí bailithe fola teochtrialaithe a fháil le cur in ionad na gceann a bhí ann roimhe
- Trealamh próiseála fola fíorthábhachtach a fháil chun cumas próiseála úrscothach chomh maith le dea-chleachtas oibriúcháin a choimeád ar bun trí mhear-reoiteoirí plasma le tréchur ard atá le cur in ionad na gceann a bhí ann cheana
- Cuir Chuige Bharainneacha a chur i bhfeidhm chun éifeachtúlachtaí i dtáirgeadh comhábhar fola a mhéadú
- Bailíochtú teicneolaíochta i dtaca le laghdú pataiginí i bpláitíní a chur i gcrích
- Cuireadh tús leis an tionscadal chun plasma ó dheontóirí Éireannacha a thabhairt isteach chun críocha teiripe
- Oibríodh i gcomhar le comhpháirtithe taighde inmheánacha agus seachtrach chun forbairt comhábhar fola feabhsaithe a chur chun cinn
- Cuireadh torthaí taighde i láthair ag comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tá an fheidhm Táirgthe Comhábhar freagrach as gach deonachán fola iomláine, linnte pláitíní agus deonachán aifiréise pláitíní a fhaightear go náisiúnta a phróiseáil, a lipéadú agus a chur i dtaisce.

Tá an fheidhm Seirbhísí Ospidéil freagrach as fardal a bhainistiú agus ordaithe fola agus orduithe táirgí fola a fháil ó ospidéil agus a eisiúint chucu.

Tá feidhmeanna an tSlabhra Soláthair, Iompair agus Lóistíochta freagrach as tacú le riachtanais ghnó inmheánacha agus sheachtracha.

Tá an Fhoireann don Tacaíocht Eolaíoch agus Forbairt Comhábhar freagrach as gach táirge pláitíní, táirge fola iomláine neamhghnáthaimh agus táirge fuilchille deirge a eisítear ó INF (Ionad Náisiúnta Fola) a bhainistiú. Cuireann an fhoireann sin tacaíocht eolaíoch ar fáil go laethúil freisin le haghaidh ranna éagsúla agus tá an fheidhm forbartha táirgí mar chuid dá ról.


### Gníomhaíocht Comhábhar Fola

Bhí laghdú ar an líon ceall dearg (-0.2%) agus pláitíní (-4.3%) a eisíodh chuig ospidéil in 2023 i gcomparáid le 2022. Bhí athrú ar éileamh i rith na bliana agus éileamh níos láidre in R1-R2 i gcomparáid le R3-R4.


### Gníomhaíocht i dtaca le Táirgí Míochaine

Bhí ardú ar na táirgí míochaine a eisíodh in 2023 i gcomparáid le 2022. Bhí ardú 7.2% ar an LG-Octaplas a eisíodh agus ardú 12.6% ar an Riastap (comhdhlúthachán Fibrinigine) a eisíodh.


## Fuilchealla Dearga a Eisíodh 2019 go 2023




## Pláitíní a Eisíodh 2019 go 2023




## Eisiúintí LG Octaplas agus Riastap 2019 go 2023



# Tástáil

## An tSaotharlann Náisiúnta Scagthástála Deontóirí (SNSD)

Cuimsíonn an SNSD na trí shaotharlann tástála deontóirí: Grúpáil Uathoibrithe Deontóirí (GUD), Víreolaíocht agus Tástáil Aigéid Núicléasaigh (TAN). Fágann an comhoibriú leathan seo idir na trí shaotharlann tástála deontóirí gur féidir anailís sreafa oibre barrmhaitheasa a dhéanamh, úsáid straitéiseach a bhaint as príomhphearsanra eolaíochta, pearsanra eolaíochta a uasoiliúint in iliomad disciplíní, taighde agus forbairt a mhéadú sna réimsí ar fad agus tuilleadh seirbhísí tástála a chur ar fáil do IBTS.

### I measc na bpríomhéachtaí a bhain an SNSD amach in 2023, áirítear:

- Thug IBTS Tástáil Antasubstaintí Maláire (TAM) isteach ar an 20 Bealtaine, 2023. Sular tugadh an tástáil sin isteach, cuireadh cosc buan ar dheontóirí a chomhlíon na critéir seo a leanas fuil a dheonú
    - Deontóir a raibh cónaí air/uirthi in aon cheantar ina bhfuil maláire eindéimeach ar feadh 3 mhí ar a laghad le linn a chéad chúig bliana ar an saol
    - Deontóir a raibh cónaí air/uirthi ina aon cheann de cheantair mhaláire san Afraic fo-Shahárach nó i Nua-Ghuine Papua nó in Iarthar Papua (ar ar tugadh Irian Jaya san Indinéis roimh seo) ar feadh tréimhse leanúnach de 6 mhí nó níos mó in aon tráth dá s(h)aol)
    - Deontóir ar bith a raibh fiabhras nár míníodh air/uirthi a d'fhéadfadh gur Maláire a bhí ann le linn a gcéad chuairte ar cheantar maláire nó laistigh de cheithre mhí i ndiaidh dóibh filleadh ó cheantar maláire
    - Deontóir a bhfuil stair liachta acu a thugann maláire le fios nó a bhfuil diagnóis dheimhnithe de mhaláire faighte acu
- Mar gheall gur tugadh TAM isteach, is féidir go mbeidh gach duine de na deontóirí thuasluaite incháilithe anois chun fuil a dheonú. Tugadh beartas bailithe sampla amháin isteach ar an gcéad chuairt. Comhlánaíonn deontóirí Ceistneoir Sláinte agus Stíle Maireachtála, ansin cuirtear agallamh orthu is déanann Altra cláraithe scagthástáil orthu
- Má tá siad incháilithe le haghaidh deonú, bailítear samplaí uathu. Déanfar TAM ar dheontóirí ag gach deonú ina dhiaidh sin. Beidh deontóirí in ann deonú 42 lá ina dhiaidh sin, ar chuntar nach raibh aon imoibríocht sna tástálacha
- Lean an tSaotharlann Víreolaíochta lena comhpháirtíocht leis an Aonad Séireipidéimeolaíochta (AS) sa Lárionad Faire um Chosaint Sláinte (LFCS) i dtaca leis an gClár Náisiúnta Leanúnach um Shéireafhaireachas COVID-19
- Thosaigh IBTS ag taifeadadh faisnéise maidir le heitneacht deontóirí i mí na Bealtaine, 2023. Chuir an tionscnamh seo ar chumas na Saotharlainne Grúpála Fola cur chuige níos dírithe a ghlacadh i dtaca le hantaigin grúpaí fola ó chohóirt éagsúla eitneacha. Leis an gcur chuige seo, is féidir tíopáil antaigine níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ó thaobh costas a dhéanamh, agus fuil níos neamhchoitianta a shainaithint i gcomhthéacs Éireannach
- I gcomhar le TAM, le tíopáil atá dírithe ar eitneacht Deontóirí, bhíothas in ann an chéad deontóir uilíoch a shainaithint a aimsíodh i gcohórt deontóirí Éireannach. Sainaithníodh 23 deontóirí Fy(a-b-) in 2023 chomh maith
- Chuir GUD dlús leis an gclár scagthástála do dheontóirí neamhchoitianta sa roinn le haghaidh grúpaí neamhchoitianta eile. Sainaithníodh deontóir neamhchoitianta Kpb- freisin
- Oiliúint agus rannpháirtíocht i bhfoireann inmheánach iniúchóireachta bunaithe ar riachtanais ISO
- Chuir coinneáil agus dul chun cinn an chláir trasoiliúna le cabhair ón Oifigeach Oiliúna

agus Oideachais tacaíocht trasfheidhme ar fáil idir na foirne sna trí roinn rud a chabhraigh go mór le foireann aontaithe agus chomhoibreach a chruthú sa SNSD

- Choinnigh an SNSD an deimhniúchán glas is airde le My Green Lab, eagraíocht neamhbhrabúis atá ina ceannródaí le hinbhuanaitheacht saotharlainne domhanda a fheabhsú. Baineadh an méid seo amach le scór measúnaithe eisceachtúil de 94%.

Foilseacháin agus Cuir i Láthair SNSD:

- Foilsíodh 'The changing profile of SARS-CoV-2 serology in Irish blood donors' (Coyne et al) in Global Epidemology
- Cuireadh 'Cytomegalovirus Seroprevalence in Irish Blood Donors' i láthair ag comhdháil na Comhdhála Eorpaí um Shláinte agus Bainistíocht Deontóirí (CESBD)
- Cur i láthair póstaeir ab ea 'Beckman Coulter PK7400 Primary Blood Group Analyser is suitable for phenotyping and screening Irish Blood Donors' (Arrieta et al) ag BBTS 2023
- Cur i láthair póstaeir ab ea 'Evaluation of the Architect Chagas Antibody Screening Assay: Qualifying Brazilian Nationalities for Blood Donation in Ireland' (Birmingham et al) ag BBTS 2023
- Cuireadh 'NAT screening of Irish Blood Donations: Past, Present and Future' i láthair ag cruinniú de Ghrúpa Úsáideoirí Polannacha Grifols i Vársá i mí na Samhna 2023.

## Gníomhaíocht Saotharlainne SNSD:

In 2023, rinne an SNSD tástáil ar 139,695 deonachán, agus tháinig 131,199 acu sin ó dhaoine ar deontóirí athfhillteacha iad (94%) agus 8,496 (6%) acu ó dheontóirí céaduaire. Lena chois sin, rinneadh tástáil ar 1,152 deontóir nua nár thug ach sampla.

Rinneadh gach deonachán a thástáil le haghaidh na nithe seo a leanas:

- GUD: ABO/Rh, feinitíopa breisithe Rh (CcEc), scagthástáil antasubstainte deontóra agus A/B ardtítir
- Víreolaíocht: Antasubstaint a bheith i láthair in aghaidh víris Easpa Imdhíonachta Daonna (frith-VEID 1 / 2), antasubstaint in aghaidh víreas Heipitíteas C (frith-VHC), antasubstaint in aghaidh víreas Daonna T-Limfeatrópach chineál I agus II (frith-HTLV-I/II), antasubstaint in aghaidh chroíleacán Heipitíteas B (frith-HBc), Antaigin dromchla Heipitíteas B (HBsAg), antasubstaint in aghaidh Treponema Pallidum (Sifilis)
- TAN: Víreas Easpa Imdhíonachta Daonna chineál 1 agus 2 (VEID-1/2), víreas Heipitíteas C (VHC) agus víreas Heipitíteas B (VHB), víreas Heipitíteas E (VHE)

Rinneadh deonacháin roghnaithe a thástáil le haghaidh na nithe seo a leanas:

- GUD: Cineálacha breisithe antaigine (féach Fíor 1), haemaglóibin S, scagthástáil nuabheirthe le haghaidh antasubstaintí. Déantar deontóirí a thíopáil le haghaidh cineálacha breisithe antaigine (Fya/b, Jka/b, M, S/s) le haghaidh orduithe mar is gnáth ón ospidéal agus, chomh maith, chun feinitíopaí níos neamhchoitianta nó meascáin de chineálacha diúltacha antaigine a shainaithint. Baineann sin de ghnáth le hothair a bhfuil riachtanais chasta fuilaistrithe acu amhail galar corráncheallach, antasubstaintí iolracha fuilcheall dearg agus le fuil atá meaitseáilte go próifíolacsach ó thaobh antaiginí de d'fhuilaistrithe ionútaracha, agus othair áirithe a bhfuiltear ar an eolas fúthu go dtáirgeann siad antasubstaintí fuilcheall dearg
- Víreolaíocht: Tástáiltear deonacháin roghnaithe le haghaidh Cítimeigilivíris (CMV) (timpeall ar 80% de dheonacháin) ionas go mbeidh soláthar deonachán atá CMV-dhiúltach ann do na hothair atá i mbaol aimhréidheanna ionfhabhtaithe CMV e.g. othair imdhíon-lagaithe. Tástáiltear deonacháin roghnaithe le haghaidh antasubstaintí Maláire freisin

- TAN: Rinneadh scagthástáil ar dheontóirí roghnaithe do Víreas na Níle Thiar (VNT) ó Bhealtaine go mí na Nollag 2023. Rinneadh an tástáil ar dheontóirí a thaistil chuig ceantar a raibh baol VNT ag baint leis le linn na 28 lá roimhe.

Tá dhá uirlis in úsáid in GUD: Úsáidtear PK7400 sa tsaotharlann mar anailíseoir príomha ar ghrúpaí fola agus Ortho Vision mar anailíseoir tánaisteach ar ghrúpaí fola. Córais haemaiteolaíochta imdhíonachta atá sa dá uirlis agus úsáideann siad teicnicí haemaighleanúna agus íograithe araon. Is córas micreaphláta ar thréchur ard é an PK7400 agus úsáideann Ortho Vision teicneolaíocht gleanúna colúin chun tabhairt faoi thástálacha. Baintear úsáid as teicnící láimhe d'fhonn antasubstaint a aithint agus tréithe corráncheall a thástáil.

Déanann an tsaotharlann Víreolaíochta scagthástáil le Córas Abbott Alinitys, ar banailíseoir imdhíonmheasúnachta iomlán uathoibrithe ar thréchur ard é atá deartha le teicneolaíocht imdhíonmheasúnachta ceimealonraí (CMIA) a úsáid le fáil amach an bhfuil antaiginí agus antasubstaintí sonracha i láthair.

Déantar scagthástáil antasubstaintí maláire leis an uirlis Dynex DS2.

Déanann saotharlann NAT tástáil ar Dheonacháin Aonair (ID-NAT), agus úsáidtear uirlisí tástála Panther chun sin a dhéanamh i gcomhar le measúnachtaí Ultrio Elite (UE) HEV agus WNV. Is córas dúnta iomlán uathoibrithe é an gaireas Panther a úsáidtear le haghaidh tástáil NAT. Measúnacht ilphléacsach Ollmhéadaithe trí Mheán Tras-Scríofa (TMA) is ea measúnacht Procleix UE chun RNA HIV-1/2 RNA, RNA HCV agus DNA HBV a bhrath i bplasma de bhunús daonna. Aimsíonn measúnacht Procleix HEV RNA HEV. Déanann measúnacht WNV leibhéal íseal RNA WNV (ginealach 1 agus 2) a bhrath go hiontaofa i ndeonacháin fola.

Déanann an tsaotharlann scagthástáil chomh maith le haghaidh marcóirí víreasacha do rannóga éagsúla in IBTS, lena n-áirítear deontóirí gascheall, deontóirí fíochán comhla croí agus samplaí ó chláir thástála rianaithe faighteoirí.

## Rannpháirtíocht i Scéimeanna Measúnaithe Cáilíochta Seachtracha (SMCS):

Ghlac SNSD páirt i roinnt SMCSanna. Fuair gach roinn in SNSD torthaí sásúla ina SMC ábhartha.

Bíonn GUD páirteach i dtrí scéim SMCS agus i scéim ECMCS amháin gach bliain. Is é atá i gceist leis sin ná 19 mbeart séireolaíochta ar leithligh agus 6 bheart maidir le haemaglóibin neamhghnách.

Bíonn an roinn Víreolaíochta páirteach i dtrí cinn de chláir oilteachta: ceann amháin a scaipeann Seirbhís Sheachtrach Náisiúnta Measúnaithe Cáilíochta na Ríochta Aontaithe (UK NEQAS) don Mhicribhitheolaíocht, an dara ceann ó NRL, an Astráil agus ceann ón Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasra agus Cúraim Sláinte (SECLCS). Tugadh 25 beart oilteachta chun críche ina n-iomláine in 2023 i Víreolaíocht, is rinneadh measúnú ar gach marcóir a tástáladh sa tsaotharlann.

Ghlac saotharlann NAT páirt i seacht gclár oilteachta: ceann amháin a chuir NRL, an Astráil ar fáil, ceann ón Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Mhíochaine & Cúram Sláinte (SECLCS), ceann ó Rialú Caighdeáin do Dhiagnóisic Mhóilíneach (QCMD), RA agus péire ón Lárionad Náisiúnta um Míochaine a Rialú agus a Mheas (CNCF), an Iodáil.

Tugadh ceithre chleachtadh oilteachta déag chun críche ina n-iomláine i saotharlann NAT in 2023. Glacann an tsaotharlann páirt freisin sa chlár faireachais a ritheann an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte Fuil agus Trasphlandú (NHSBT) Aonad Eipidéimeolaíochta/ Gníomhaireacht Cosanta Sláinte RA. Déantar monatóireacht ar na rátaí imoibrithe leantacha agus ar na rátaí dearfacha deimhnithe le haghaidh trealaimh thástála ag baint úsáid as uimhreacha éagsúla luchtóige imoibrithe leis an NHSBT. Gintear tuairisc mar fhógra a shonraíonn feidhmíocht mheasúnachta agus treochtaí sna rátaí imoibrithe.

## Tástáil Teagmhais SNSD:

Ós rud é gur saoráid náisiúnta tástála atá in SNSD, tá plean do tástáil sheachtrach ag IBTS le Seirbhís Fuilaistriúcháin na hAlban ar eagla go dteipfeadh go tubaisteach ar na huirlisí nó ar an láthair. D'éirigh le SNSD páirt a ghlacadh in dhá bheart in 2023, faoinar seoladh samplaí ó 24 deontóir i gcomhair tástála agus d'éirigh go maith leis. Níorbh éigean an plean a ghníomhachtú i gcás 'beo' ó rinneadh an tástáil a chomhdhlúthú san Ionad Náisiúnta Fola in 2010.

## Iniúchtaí SNSD:

Glacann an tsaotharlann páirt fosta i roinnt cláir Iniúchta Inmheánacha agus Sheachtracha lena chinntiú go bhfuil comhlíontacht sa Chóras Bainistíochta Cáilíochta (CBC). Déanann an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS), rannóg Dearbhaithe Cáilíochta (DC) IBTS agus Saotharlann SNSD iniúchadh ar phróisis agus modhanna oibre SNSD.

## An tSaotharlann um Ghéineolaíocht Grúpaí Fola (SGGF)

Déanann SGGF de chuid na Roinne Bitheolaíochta Móilíní agus Géineolaíochta san Ionad Náisiúnta Fola Grúpa Fola Móilíneach a thíopáil, agus é mar chuspóir leis seirbhís dhiagnóiseach mhóilíneach a sholáthar chun grúpaí fola a dhearbhú.

Cuireann SGGF seirbhís ar fáil le haghaidh:

- Scagthástáil le haghaidh *RHD* Féatais
- Fiosrú ar Ghéinitíopa D lag
- Imscrúdú ar Athraitheach *RHD*
- Imscrúdú iomlán ar Ghéinitíopa RBC
- Imscrúdú ar Athraitheach *RHCE*


Úsáidtear tástáil bunaithe ar ADN (aigéad dí-ocsairibeanúicléasach) níos minice anois chun feinitíopa fuilghrúpa a thuar agus chun cleachtais a fheabhsú sa mhíochaine fuilaistriúcháin.

Má chuirtear fuilchealla dearga a bhfuil antaigin faoi leith iontu isteach in imshruthú duine nach bhfuil an antaigin sin iontu (trí fhuilaistriú nó toircheas), féadfar freagairt imdhíonachta a mhúscailt. Féadfaidh táirgeadh iarmhartach antasubstaintí tionchar suntasach a imirt ar ghalracht agus fiú ar bhásmhaireacht an othair.

Le modhanna íogaire, amhail Imoibriú Slabhrúil Polaiméaráise cainníochtúil (qPCR), is féidir leibhéil an-íseal ADN a bhrath agus tá siad an-infheidhme chun géinte fuilghrúpaí féatais a bhrath in ADN atá saor ó chealla a bhaintear as fuil na máthar.

In 2023, fuarthas 4,900 sampla sa tSaotharlann um Ghéineolaíocht Grúpaí Fola don

## Scagthástáil Féatais RHD 2019-2023



scagthástáil le haghaidh RHD Féatais in 12 ospidéal ar fud na tíre. Tá na torthaí ón scagthástáil le haghaidh RHD Féatais ar fáil go leictreonach trí Medibridge d'ospidéil atreoraithe.


Ó forbraíodh Saotharlann GGF agus ó cuireadh i bhfeidhm scagthástáil RHD Féatais in 2018/19, sheachain breis is 5,500 bean frith-D próifiolacsach neamhriachtanach.

Le dearbhú móilíneach ar fhuilghrúpaí, cuirtear ar fáil modh cumhachtach a sháraíonn an-chuid de na teorainneacha a bhaineann le modhanna séireolaíocha, chomh maith le tíopáil ardtaifigh a chur ar fáil don tíopáil fuilghrúpaí (e.g. athraithigh RHD agus RHCE, sóchán FYGATA).

Faoi láthair, aithnítear 44 Córas Fuilghrúpa Daonna, rinneadh a ngéinte a chlónáil agus cinneadh an bonn móilíneach a bhaineann le hantaiginí ar leith; tá 354 antaigin fuilcheall dearg le fáil sa 44 Córas Fuilghrúpa.

Tá SGGF i gcónaí ag cur seirbhís géinitíopála fuilcheall dearg bhreisithe ar fáil chun débhríochtaí séireolaíocha a shoiléiriú (D lag, fiosrú RHD, géinitíopáil bhreisithe le haghaidh teiripí antasubstainte monaclónaí frith-CD38) agus chun tacú le scrúduithe diagnóisithe haemaglóibineapaite ar othair chun ailléilí athraitheach RHCE coimpléascacha a imscrúdú.

## Samplaí Géinitíopála Fuilcheall Dearg 2023




## Saotharlann Haemaiteolaíochta Imdhíonachta Ceall Dearg (HICD)

Cuireann an tSaotharlann HICD seirbhísí fairsinge réamh-fhuilaistriúcháin agus seirbhísí atreoraithe réamhbhreithe ar fáil d'ospidéil ar fud na tíre.

### Na príomhrudaí a baineadh amach

### 1. Éachtaí Taighde agus Oideachais

- Chuir Saotharlann HICD sonraí leis an staidéar comhoibreach BEST as ar eascair an foilseachán seo a leanas: 'Serologic reactivity of unidentified specificity in antenatal testing and hemolytic disease of the fetus and newborn: The BEST collaborative study'. Lu W, Ziman A, Yan MTS, Waters A, Virk MS, Tran A, Tang H, Shih AW, Scally E, Raval JS, Pandey S, Pagano MB, Shan H, Moore C, Morrison D, Cormack O, Fitzgerald J, Duncan J, Corean J, Clarke G, Yazer M. Transfusion. 2023 Aibreán;63(4):817-825. An 23 Feabhra 2023
- Chuir foireann SHICD dhá phóstaer eolaíochta i láthair ag comhdhálacha eolaíochta in 2023;
  - Comhdháil BBTS: 'Assessment of change from 3 day to 7 day sample validity rule for pre transfusion compatibility testing for patient's treated with anti-CD38 antibody'. L Shackleton, H Venning, Aisling Costelloe, K Morris.
  - BioMedica 2023: 'Investigation of Auto-anti-I'. L Sparling A Costelloe, E Scally, Dr. K Morris.
- Rinne SHICD bailíochtú tosaigh chun straitéis tástála a fhorbairt d'othair ar antasubstaint mhonaclónach frith-CD47. Tá modhanna eile idir chamáin chun bac a chur ar an trasnaíocht seo.
- Leanann SHICD air ag freastal ar iarratais custaiméirí ar shamplaí a úsáideadh i dtionscadail ar fud na tíre.

2. **Éachtaí na Saotharlainne**

Choinnigh saotharlann HICD a chreidiúnú ISO15189 in 2023 i ndiaidh cigireachta i mí na Bealtaine. Baineadh príomhéachtaí saotharlainne eile amach in SHICD:

- Uasghrádú bogearraí ar bhogearraí cainníochtaithe antasubstaintí
- Teicníc Imdhíonachta Frith-A / Frith-B a bhailíochtú
- Feachtas earcaíochta agus beartas a fhorbairt chun ganntanas foirne sa tsaotharlann a bhainistiú.

## Gníomhaíocht na Saotharlainne

Ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil i Saotharlann HICD tá na seirbhísí seo a leanas:

- fuil atá crosmheaitseáilte a chur ar fáil d'othair a bhfuil antasubstaintí casta acu
- imscrúdú ar antasubstaintí ceall dearg lena n-áirítear cásanna casta séireolaíocha
- Imscrúdú ar Fhrithghníomhartha Haemalaíocha Aistrithe Fola
- Tíopáil ABO/Rh, lena n-áirítear imscrúdú ar aimhrialtachtaí grúpaí fola
- Imscrúdú ar othair trí thástálacha dearfacha díreacha antaglóbailine
- Imscrúdú Ainéime Uath-imdhíonachta Haemalaíche
- Imscrúdú ar thrasnaíocht antasubstainte monaclónaí
- Imscrúdú ar Ghalar Haemalaíoch an Fhéatais agus an Leanbh Nuabheirthe (GHFBN)
- scagthástáil réamhbhreithe le haghaidh antasubstaintí fuilcheall dearg chun toircheas i mbaol a aithint; (cainníochtú antasubstaintí agus/nó toirtmheascadh antasubstaintí de réir mar is iomchuí)
- Soláthar fola oiriúnaí ag an mbreith i gcás na dtoircheas i mbaol
- feinitíopáil bhreisithe d'othair a bhraitheann ar aistriú fola agus d'othair a bhfuil antasubstaint choimpléascach fuilcheall dearg acu
- feinitíopáil ar fhuilchealla dearga deontóirí nuair a iarrtar
- comhairle chliniciúil agus eolaíoch do chomhghleacaithe ospidéil
- fuil neamhchoitianta a allmhairiú d'othair ainmnithe, agus
- Seirbhís phráinne ar glao-dhualgas lasmuigh de ghnáthuaireanta
- seirbhísí bainc fola ospidéil a chur ar fáil le haghaidh Ospís agus Seirbhísí Cúraim Mhuire agus Ospidéal Súl agus Cluas Victoria Ríoga.

## Comparáid idir líon samplaí 2022 agus 2023

| | Líon iomlán na samplaí a tástáladh | Saothrú Chineál RhD | Anta-substaint ID | Líon Frith-D | Líon Frith-C | Trasnaíocht Mhona-clónach | Tástáil Chomh-oiriúnach-ta Iomlán | Tástáil Chomh-oiriúnach-ta Coim-pléascach | Samplaí ar glaoch |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **2022** | 2598 | 8 | 1718 | 387 | 142 | 387 | 859 | 849 | 236 |
| **2023** | 2598 | 6 | 2453 | 384 | 153 | 384 | 1184* | 888 | 267 |
| (%) | **0** | **-10.4** | **+42.78** | **-0.78** | **+7.75** | **-0.78** | **+37.83 *** | **+4.59** | **+13.1** |

*Taifeadadh sonraí ar thástálacha comhoiriúnachta deighleoige den chéad uair.

In 2022 agus 2023, tástáladh 2,598 sampla san iomlán i saotharlann HICD. Bhí laghdú beag in 2023 ar atreoruithe le haghaidh othair a bhfuil an druga Daratumumab á fháil acu mar chóireáil in aghaidh mialóma iolrach. Is éard is cúis leis seo ná go bhfuil saotharlanna fuilaistrithe in Ospidéil ag cur na tástála seo i bhfeidhm anois. Bhí méadú ar iarrataí in 2023 lasmuigh de ghnáthuaireanta; sin méadú 13.1%.

Mar a bhí i mblianta roimhe seo, fuarthas ardleibhéal leanúnach de shamplaí casta nó neamhchoitianta ó thaobh na séireolaíochta de. D'aithin an Saotharlann HICD na samplaí coimpléascach seo a leanas in 2023, cuid acu a raibh alla-antasubstaintí neamhchoitianta iontu:

| Antasubstaint a Aithníodh | Líon Samplaí | Líon Othar |
|---|---|---|
| Frith-Ce | 1 | 1 |
| Frith-Ch/Rg | 24 | 11 |
| Frith-G | 49 | 15 |
| Frith-H | 1 | 1 |
| Frith-HI | 4 | 4 |
| Frith-JMH | 3 | 1 |
| Frith-Kpb | 8 | 1 |
| Frith-Kna | 1 | 1 |
| Frith-P1 | 7 | 7 |
| Frith-Vw | 1 | 1 |
| Antasubstaintí eile HTLA | 18 | 10 |
| Imdhíonach Frith-B | 2 | 2 |
| Oiriúnaithe do Chóras Áirithe | 23 | 16 |
| Frith-Wra | 18 | 10 |
| Frith-Yta | 4 | 1 |
| Frith-f | 1 | 1 |
| Frith-k | 2 | 1 |
| Frith-Coa | 1 | 1 |
| Frith-PP1Pk | 1 | 1 |
| **Iomlán:** | **169** | **86** |

Othair réamhbhreithe atá i gcuid mhór de na hothair seo agus, mar aon leis an antasubstaint fuilchille deirge a aithint, rinneadh bainistiú ar an mbaol HDFN agus ar na riachtanais fola a d'fhéadfadh a bheith ag an máthair agus ag an leanbh araon. Torthaí dearfacha a bhí ann don mháthair agus don leanbh go dtí seo.

Lean an tsaotharlann ar aghaidh lena fardal de Chealla Neamhchoitianta Tagartha agus Antaiséirim a fhorbairt (trí bhallraíocht den líonra Idirnáisiúnta Malartaithe um Shéirim, Cealla agus Sreabháin Neamhchoitianta (SCARF) agus de Mhalartán Ceall na Ríochta Aontaithe). Cuireadh barr feabhais ar a modheolaíochtaí tástála chun iad a chur in oiriúint do na hathruithe ar dhéimeagrafaigh phobal na hÉireann.

## Fuil/Táirgí Neamhchoitianta a Allmhairiú

In 2023, allmhairíodh 6 aonad fuilcheall dearg neamhchoitianta agus trí aonad pláitíní san iomlán ón gcoigríoch d'othair ainmnithe, i ndiaidh gur sainaithníodh antasubstaintí neamhchoitianta nó tíopa ALD neamhchoitianta.

## Rannpháirtíocht i Scéimeanna Dearbhaithe Cáilíochta Seachtracha

Tá an tsaotharlann HICD rannpháirteach i dtrí cinn de scéimeanna éagsúla um dhearbhú cáilíochta; ceithre bheart in IEQAS, ceithre bheart in AQQAS agus 10 mbeart in NEQAS chomh maith le scéimeanna píolótacha NEQAS san fheinitíopáil fuilcheall dearga, DAT agus toirtmheascadh antasubstainte. Ina theannta sin, tá an tsaotharlann HICD páirteach i scéimeanna comparáide Idirshaotharlainne do theicnicí eisionnalta, toirtmheasctha antasubstaintí, teicnící adsúcháin, cóireáil DTT agus teicnící neodrúcháin. Bhí gach toradh a fuarthas sásúil, mar sin féin, thuairiscigh SHICD toradh amháin nach raibh i gcomhréir le beart UKNEQAS 23ERP1. Bainistíodh an teagmhas sin i gcomhréir le beartais agus nósanna imeachta IBTS.

## An tSaotharlann Náisiúnta Tagartha Histea-Chomhoiriúnachta agus Imdhíon-Ghéineolaíochta (SNTHI)


Cuireann SNTHI raon cuimsitheach de sheirbhísí tástála cliniciúla a ceapadh chun tacú le Cláir Trasphlandaithe Gascheall Haematapóéiseach Allaigineach (HSCT) in Ospidéal San Séamas agus Sláinte Leanaí Éireann i gCromghlinn. Is féidir HSCT a úsáid chun leoicéime, siondróim teipthe smeara agus neamhoird mheitibileacha ó bhroinn a chóireáil.

Dearbhaíonn an tsaotharlann an cineál Antaigine Leocaicíte Daonna (ALD) atá ag gach othar agus deontóir (gaolmhar nó neamhghaolmhar) roimh thrasphlandú le cabhrú le roghnú deontóirí. Úsáideann an tsaotharlann modhanna móilíneacha atá bunaithe ar an imoibriú slabhrúil polaiméaráise (PCR) amháin chun na géinte a ionchódaíonn na móilíní ALD a shainiú. Is féidir leis an teicneolaíocht seo ardleibhéal taifigh a bhaint amach, rud a dhéanann idirdhealú idir ailléilí aonair na ngéinte ALD. Ar an 15 Meitheamh 2020, chuir SNTHI tús le tíopáil ALD le haghaidh 11 loci ALD (ALD-A, B, C, DRB1/3/4/5, DQA1, DQB1, DPA1, DPB1) trí Sheicheamhú don Chéad Ghlúin Eile (SCGE) ina n-úsáidfear ardáin Illumina MiSeq.

Tá clár cuimsitheach dearbhaithe cáilíochta ag an tsaotharlann, lena n-áirítear rannpháirtíocht i gcláir inmheánacha agus sheachtracha tástála oilteachta le haghaidh tíopáil ALD, Géinitíopáil Antaigine Pláitíní Daonna (APD) agus imscrúduithe antasubstainte ALD. Tá creidiúnú faighte ag SNTHI ón gCónaidhm Eorpach um Imdhíongheineolaíochta (CEI) ó 2001 ar aghaidh.

Rinne SNTHI tíopáil ALD ar shamplaí ó 370 othar Éireannach le haghaidh trasphlanduithe féideartha gascheall haematapóéiseach in 2023 agus rinneadh tíopáil ALD ar 450 duine den teaghlach chomh maith. I gcás na n-othar sin nach mbíonn deontóir oiriúnach acu atá muinteartha leo, is féidir deontóir nach gaol é/í a aithint ó chlár na ndeontóirí deonacha neamhghaolmhara. Rinne Tíopáil ALD ar 474 sampla ó dheontóirí féideartha neamhghaolmhara d'othair Éireannacha in 2023. Cuireann SNTHI seirbhís tacaíochta imdhíongheineolaíochta ar fáil do Chlárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ). Ó Dheireadh Fómhair 2019 ar aghaidh, tá ceist ar Cheistneoir Sláinte agus Stíl Mhaireachtála (CSSM) na ndeontóirí fola

### Líon na nOthar Éireannach a fuair HSCT ó Dheontóir Neamhghaolmhar ó 2014-2023



do dheontóirí ar aois idir 18-25 ag fiafraí díobh an mbeadh dúil acu clárú leis an gclárlann smeara. Mar gheall air sin, tá méadú an-suntasach tagtha ar líon na ndeontóirí atá ag clárú, agus chláraigh 2,385 deontóir nua san iomlán in 2023.


Rinneadh 64 trasphlandú deontóra neamhghaolmhair san iomlán in 2023. Le 10 mbliana anuas, tá CSNÉ tar éis 563 trasphlandú deontóra neamhghaolmhair a éascú d'othair Éireannacha.

Ina theannta sin, bhí 253 deontóir pláitíní de chineál ALD-A agus -B ann san iomlán, agus cuireadh iad san áireamh ar an bpainéal deontóirí pláitíní ar mhaithe le tacú le soláthar táirgí barrfheabhsaithe pláitíní do na hospidéil.

Fuair SNTHI 2,161 sampla mar chuid d'iniúchtaí cliniciúla in 2023. Chomh maith leis an tacaíocht do na cláir trasphlandaithe gascheall, cuireann SNTHI seirbhís imdhíoneolaíochta pláitíní ar fáil d'imscrúdú séireolaíoch ar Thrombaicítipéine Nuabheirthe Alla-imdhíonach (TNAI), Galar Corcra Iar-fhuilaistrithe (GCI), athraontóireacht pláitíní, trombaicítipéiní alla-imdhíonacha agus frithghníomhartha tromchúiseacha díobhálacha ar thrasphlandú. Líon na n-imscrúduithe do TNAI in 2023 (n=57).

Cuireann SNTHI gnáthshheirbhís um thíopáil ALD a bhaineann le galar ar fáil. Bhain 3,958 ceann (44.7%) de na 8,862 sampla a fuarthas le haghaidh tástála sa SNTHI leis an tseirbhís sin in 2023. Cuirtear ar aghaidh an chuid is mó de na samplaí (84%) le fáil amach cé acu an bhfuil nó nach bhfuil ALD-B27 iontu, rud a bhaineann le Spondailíteas Ancalósaithe; galar pianmhar forásach réamatach a théann i bhfeidhm ar an dromlach agus ar na hailt shaicriliacha go príomha. Cuireann an tseirbhís tíopáil ALD ar fáil le haghaidh Galar Céiliach (DQ2/DQ8, 2.6%), Ghalar Behcet (B*51, 2.6%), Frithghníomh Hipiríogaireachta de bharr Abacavir (B*57:01, 7.8%), Narcailéipse (DQB1*06:02, 0.9%), eitineachóróideapaite Birdshot (A*29, 0.7%), Géarheipitíteas trom i bpáistí (DRB1*04, 0.5%) agus Meileanóma Meiteastáiseach na hÚibhé (A*02:01, 0.7%).

## Iniúchtaí Cliniciúla SNTHI



## Diagnóisic/Crosmheaits, Corcaigh


Cuireann an tsaotharlann diagnóisice in Ionad Chorcaí gnáthsheirbhísí agus seirbhísí tagartha imdhíonhaemaiteolaíochta agus saotharlainne ar fáil. Na gnáthsheirbhísí, cuirtear ar fáil iad d'Ospidéal Ollscoile na hOtharlainne Theas (OOOT), d'Ospidéal Naomh Fionnbarra, don Ospidéal Príobháideach Mater i gCorcaigh agus d'Ospidéal/Ospís Ollscoile Chnoc Mhuire; cuirtear na seirbhísí tagartha imdhíonhaemaiteolaíochta agus saotharlainne ar fáil do Réigiún na Mumhan. Bíonn Eolaithe Leighis agus Oifigigh Sheachadta ar an láthair 24 uair in aghaidh an lae, seacht lá in aghaidh na seachtaine, agus tacaíocht á cur ar fáil dóibh ag Foireann Speisialtóra Leighis agus Haemaiteolaí Comhairleach.


Ar na seirbhísí a chuireann an tSaotharlann Diagnóisice ar fáil, tá

- Feidhmiú mar Bhanc Fola do roinnt ospidéil chathrach: déanann an tsaotharlann grúpáil fola, scagthástáil antasubstaintí, agus soláthraíonn sí fuilchealla dearga crosmheaitseáilte agus comhábhair eile d'othair ar leith. Comhairle saotharlainne agus chliniciúil do na hothair seo, imscrúdú ar fhrithghníomhartha féideartha ar aistriúcháin fola, rannpháirtíocht i mBainistíocht Fola Othar agus i bpleanáil agus in athbhreithniú an chleachtais aistrithe fola trí choistí agus iniúchadh aistrithe fola an ospidéil agus bainistiú ar inrianaitheacht comhábhar
- Agus é mar shaotharlann tagartha, imscrúdaíonn Diagnóisic tíopáil choimpléascach nó aimhrialta fuilcheall dearg, tíopáil bhreisithe d'othair a bhraitheann ar fhuilaistriú, tástálacha deimhneacha díreacha antaglóbailine, ainéime uath-imdhíonachta haemalaíoch, galar haemalaíoch an fhéatais/leanbháin nuabheirthe, agus antasubstaintí coimpléascacha a chuireann fuilchealla dearga breisithe meaitseáilte (feinitíopáilte) agus crosmheaitseáilte ar fáil do na hothair seo. Féadfar gur gá uaireanta an chloig a chaitheamh chun samplaí ar leith a imscrúdú ina n-iomláine sna cásanna seo agus tá seans ann go mbeadh gá le scagthástáil deonachán a dhéanamh nuair nach bhfuil fuilchealla dearga comhoiriúnacha ar fáil ar an tseilf. B'éigean 4 sampla ó othair a chur ar aghaidh chuig speisialtóirí sa tSaotharlann Idirnáisiúnta Tagartha um Ghrúpaí Fola (IBGRL) i mBriostó, agus cuireadh 135 sampla eile ar aghaidh chuig INF le géinitíopáil a dhéanamh orthu. Cuirtear comhairle ar fáil do chomhghleacaithe sa réigiún
- Agus é mar shaotharlann tagartha, imscrúdaíonn Diagnóisic othair réamhbhreithe a bhfuil antasubstaintí fuilcheall dearg acu, agus rianaíonn sé a gcúram ar feadh an toirchis chun an fháil atá ar fhuil chomhoiriúnach don mháthair agus don leanbh ag an mbreith a phleanáil
- Bainistíonn foireann na saotharlainne diagnóisice an stoc comhábhar speisialta don réigiún. Cuimsíonn sé seo gach comhábhar pláitíní agus gach ordú a fhaightear tríd an gcóras orduithe leictreonach (COL) maidir le fuilchealla dearga atá tíopáilte i dtaca le hantaigin, comhábhair fola ionradaithe agus comhábhair fola do leanbáin
- Ós iad na heolaithe atá ar dualgas taobh amuigh de na gnáthuaireanta oibre, cuireann an tSaotharlann Diagnóisice leis an tseirbhís trí phróiseáil thánaisteach a dhéanamh ar chomhábhair fola agus is iadsan an chéad phointe teagmhála le haghaidh fiosruithe cliniciúla a chuirtear ar aghaidh ansin go dtí na baill foirne leighis.
- Baineadh amach leibhéal sásúil i Scéimeanna Seachtracha Measúnaithe Cáilíochta le linn na bliana.

## Gníomhaíocht na Saotharlainne Diagnóisice 2023

Líon iomlán samplaí a fuarthas in 2023: 4,130 (2022 : 3,854) Ba éard ba chúis leis an méadú ar líon na samplaí, ná gníomhaíochtaí méadaithe sna hospidéil ina gcuirimid gnáthsheirbhís agus seirbhís tagartha ar fáil.





TABHAIR FUIL CHUN
LÁMH THARRTHÁLA A
THABHAIRT DO DUINE.

giveblood.ie

TÁIMID AG BRATH ORT.

# Seirbhísí Eile

## Fíochán

Tá banc fíocháin IBTS lonnaithe san Ionad Náisiúnta Fola i mBaile Átha Cliath. Comhlacht fíocháin ceadúnaithe is ea é seo agus tá Ceadúnas Dea-chleachtais Déantúsaíochta aige chun braonta súl séirim a tháirgeadh a aicmítear mar tháirge míochaine díolmhaithe.

Tá sraith de sheomraí íonghlana sna saoráidí, rud atá éigeantach chun fíochán daonna deonaithe a phróiseáil agus a thástáil agus chun braonta súl séirim a tháirgeadh. Cuireann an tseirbhís seo fíochán daonna ar fáil do raon leathan ospidéal. Is ó dheontóirí Éireannacha a thagann roinnt den fhíochán, ach ní mór fíochán eile a fháil ó bhainc fíocháin san Eoraip nó a onnmhairiú ó SAM. I measc na dtáirgí fíocháin atá ar fáil, tá fíochán súile, fíochán cardashoithíoch, fíochán matánchnámharlaigh agus craiceann.

Bliain thar a bheith cruógach ab ea 2023 maidir le braonta súl séirim a tháirgeadh agus bhí ball breise ag an bhfoireann chun cabhrú le dul i ngleic leis an éileamh breise. Oideasaítear braonta súl séirim mar chóir leighis na dála deiridh nuair nach bhfuil cóir leighis ghnásúil ag obair. Oideasaítear iad i gcoinne roinnt mhaith fadhbanna sláinte, fadhbanna imdhíonacha agus neamh-imdhíonacha araon, ar cúis le súil thirim iad.

Thosaigh an tionscadal chun coirní a bhailiú ó dheontóirí Éireannacha ag bailiú nirt in 2023, agus samhlaítear go mbeimid in ann coirní a aisghabháil arís i dtreo dheireadh 2024.

Bhí méadú 19% ar sholáthar fíocháin shúilí i gcomparáid le 2022 ach d'fhan soláthar fíocháin chardashoithíoch, matánchnámharlaigh agus craicinn ar chomhchéim leis an mbliain roimhe.

## Clár Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann

### Na príomhéachtaí a baineadh amach in 2023:

- 2,385 deontóirí breise curtha leis an gclárlann in 2023
- Claochlú ar earcaíocht deontóirí, agus an chlárlann níos saibhre anois le deontóirí óga.

Is teiripe tharrthála é trasphlandú ceall sinsir fuilghinte d'othair áirithe a bhfuil leocéimí, siondróim teipthe smeara agus neamhoird mheitibileacha ar leith ó bhroinn orthu. I gcás an lín mhóir othar nach bhfuil rogha na tosaíochta acu, is é sin siblín atá go hiomlán comhoiriúnach dóibh, tá tríocha a hocht milliún deontóir ar fáil ar fud an domhain agus, astu sin, féadfaidh deontóir nach bhfuil gaolta leo malairt rogha a chur ar fáil dóibh.

Chun freastal ar an ngá le deontóirí chun cealla sinsir haematapóéiseacha a dheonú d'othair Éireannacha agus d'othair ar fud an domhain, bunaíodh Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann (CSNÉ) in 1989.

I gcás CSNÉ, déantar deontóirí a chuardach agus a roghnú le haghaidh othar in Éirinn a bhfuil trasphlandú de dhíth orthu. Tá bunachar sonraí sa chlárlann fosta de dheontóirí in Éirinn atá toilteanach gaschealla fola a dheonú.

Déanann an tSaotharlann Tagartha Náisiúnta um Histea-chomhoiriúnacht agus Imdhíonghéineolaíocht tíopáil fíochán ar dheontóirí atá cláraithe ar an bpainéal neamhghaolmhar. Tá an chlárlann ceadúnaithe ag ÚRTS de réir Threoir Fíocháin an Aontais Eorpaigh 2004/23/CE.

## Gníomhaíochtaí Náisiúnta

Cuardaíonn CSNÉ deontóirí oiriúnacha ar phainéal na hÉireann agus ó bhunachar sonraí Dheontóirí Smeara ar fud an Domhain (DSD) ar son Ionaid Trasphlandaithe na hÉireann in Ospidéal San Séamas agus Ospidéal Mhuire na Leanaí, Cromghlinn. Cuireadh 138 othar ar aghaidh chuig CSNÉ in 2023 i gcomhair cuardaigh neamhghaolmhara.

Fuair seasca othar Éireannach trasphlandú gascheall ó dheontóir neamhghaolta in 2023. Fuair duine de na hothair dhá thrasphlandú óna d(h)eontóir bunaidh le linn 2023.

Ba ó dheontóirí idirnáisiúnta a tháinig a bhformhór. As na 65 trasphlandú a rinneadh, trasphlandú smeara ab ea 18 acu, agus gaschealla fola imeallacha ab ea 47 acu.

## Gníomhaíochtaí Idirnáisiúnta

Tá ceangal idir CSNÉ agus Córas Eolais na hEorpa um Dheontóirí Smeara (CEEDS), ar córas cumarsáide é a chuireann ar chumas clárlann idirnáisiúnta painéil a chéile a chuardach agus deontóirí a roghnú go héasca i gcomhair tástáil leathnaithe. Roghnaíodh tríocha a seacht deontóir CSNÉ i gcomhair tástáil bhreise in 2023.

## Earcú Deontóirí Éireannacha

In 2023, thug 2,385 deontóir deonacha nua samplaí fola chun clárú le Clárlann Smeara Neamhghaolmhair na hÉireann, líon a chuirfear leis na 27,895 deontóir féideartha atá ar an gclár faoi láthair.

# An Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH)

Aithnítear go hidirnáisiúnta go bhfuil an haemafhaireachas sár-riachtanach chun cleachtas sábháilte fuilaistrithe chliniciúil a fhorbairt. Déanann sé faisnéis a bhailiú agus a mheasúnú ar éifeachtaí gan choinne nó nach bhfuil inmhianaithe a eascraíonn as fuilaistriú, agus forbraíonn sé straitéisí agus córais chun stop a chur lena dtarlú nó lena n-atarlú. Tá an haemafhaireachas in Éirinn á chomhordú ag an Oifig Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH) atá lonnaithe in IBTS. Ó bunaíodh an clár in 1999, tuairiscíodh 9,093 frithghníomh trom díobhálach mar thoradh ar fhuilaistriú ar an iomlán agus tuairiscíodh na teagmhais sin.

Déanann ONH idirchaidreamh agus tacaíonn sé leis na hOifigigh Haemafhaireachais (OHanna) ar fud na hÉireann, agus leis na Comhairligh Leighis a bhfuil freagrachtaí Haemafhaireachais orthu. Anuas air sin, cothaíonn ONH naisc le comhghleacaithe go hidirnáisiúnta, tríd an Líonra Idirnáisiúnta Haemafhaireachais (IHN), agus trí Líonra Fuilaistriúcháin na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann (RA & LFÉ).

## Teagmhais Throma Dhíobhálacha (TTDanna) - éigeantach agus neamhéigeantach

Déanann OHN athbhreithniú ar TTDanna éigeantacha maidir le cáilíocht agus sábháilteacht fola faoi Threoir 2002/98/CE an AE maidir le Fuil, in éineacht le TTDanna neamhéigeantacha a bhaineann le gné chliniciúil an fhuilaistriúcháin. Tagann na tuairiscí sin ó fhorais fola agus bainc agus saoráidí fola ospidéil. Tuairiscíodh 194 TTD éigeantach le linn 2023 (56% de na TTDanna go léir). Chomh maith leis sin, tuairiscíodh 104 TTD neamhéigeantach (44% de na TTDanna go léir), a bhain go príomha le hearráidí i réimsí cliniciúla. Cuimsítear san fhigiúr sin teagmhais a bhain leis an bhFuil Chontráilte san Fheadán (líon=78) a bhailigh ONH.

### Frithghníomhartha Troma Díobhálacha (FTDanna) - éigeantach agus neamhéigeantach

Tuairiscíodh 135 FTD san iomlán in 2023 a thagann leis na critéir. Is laghdú é an FTD Éigeantach a tuairiscíodh go dtí seo (67) ar an méid a tuairiscíodh in 2022 (82).

### Fógra Bliantúil faoi Fhrithghníomhartha agus Teagmhais Thromchúiseacha Dhíobhálacha (ANSARE)

I gcomhréir le hAguisín II D agus III C de Threoir 2005/61/CE ón gCoimisiún, caithfidh gach ospidéal a bhíonn ag aistriú fola agus gach foras fola foirm ANSARE a chomhlánú agus a chur ar ais chuig ONH. Thuairiscigh ONH 239 tuarascáil éigeantach in 2023 (don bhliain tuairiscithe 2022), agus bhí tiomsú thuairisc ANSARE 2023 ar siúl nuair a bhí an tuarascáil seo á scríobh.

Is é an ÚRTS an t-údarás inniúil chun gach réimse de Threoir Fola an AE a chur i bhfeidhm, agus mar a tharla le blianta roimhe seo, tionóladh cruinnithe rialta athbhreithnithe cásanna leis an ONH chun na teagmhais a tuairiscíodh a phlé.

### Oideachas, cur chun cinn agus forbairtí

Tacaíonn ONH le forbairt leanúnach ar chláir oiliúna inseirbhíse in ospidéil trí obair a dhéanamh i ndlúthpháirt le OHanna atá bunaithe in ospidéil. Leanadh den oideachas leanúnach ar eolaithe leighis fochéime agus iarchéime agus cláraitheoirí speisialtóra chomh maith i rith na bliana.

## Comhdháil an ONH in 2023

Reáchtáladh Comhdháil na hOifige Náisiúnta Haemafhaireachais (ONH) in Ionad Comhdhála Pháirc an Chrócaigh ar an 3 Deireadh Fómhair, agus bhí breis is 200 toscaire ó chúlraí leighis, altranais agus eolaíochta i láthair.

Leis an gcomhdháil, cuireadh deis iontach ar fáil chun bualadh le comhghleacaithe agus teagmhálaithe nua líonra a fhorbairt le daoine eile atá ag obair i réimse an Haemafhaireachais in Éirinn agus thar lear. Is é an tOllamh Tor Hervig, Stiúrthóir Leighis agus Eolaíochta IBTS a sheol an chomhdháil. Chuir foireann ONH achoimre ar fáil de na moltaí agus torthaí ó thuarascálacha a cuireadh faoi bhráid ONH le linn bliain tuairiscithe 2022.

Bhí raon maith ábhar faoi chaibidil sa mhórchomhdháil, rud a spreag an-chuid spéise agus díospóireacht bhríomhar le linn an tseisiúin ceisteanna agus freagraí. Bhí ionadaíocht ó chainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta ag an gcomhdháil. Phléigh fócas cliniciúil an chruinnithe le hiliomad catagóirí a bhí dírithe ar fhuilaistriú, lena n-áirítear: teiripí nua atá ar na bacáin, córais Haemafhaireachais san Iorua agus sa Fhrainc, iniúchadh agus feabhsú, oideachas agus cás-staidéir.

Ritheadh Comórtas Póstaeir freisin, i gcomhar leis an gComhdháil, rud a thug deis don fhoireann a gcuid oibre agus tionscnamh a chur i láthair i réimse an fhuilaistriúcháin. Fuair an comórtas 8 n-iontráil ó ospidéil agus ó IBTS, agus cúlra in altranas, eolaíocht agus leighras ag na breithiúna. Is é an teideal a bhí ar an bpóstaer a raibh bua acu sa chomórtas ná 'Use of Audit to evaluate the feasibility of stocking an Emergency Group A Rh D Positive platelet pool'.

Bhí seastáin ag roinnt taispeántóirí tionscail i rith an lae. Tríd is tríd, rinne na toscairí meastóireacht mhaith ar an gcomhdháil agus cabhróidh cuid de na moltaí a fuarthas le dearadh an chláir do chomhdhálacha sa todhchaí. Tá na cuir i láthair ar fáil ar shuíomh idirlín IBTS (i gcás go bhfuil cead tugtha ag an láithreoir) https: //healthprofessionals. giveblood. ie/clinical- services/reporting- to - nho/ haemovigilance-publications/

## Ríomhfhoghlaim

Lean IBTS de sholáthar chlár ríomhfhoghlama 'Learnbloodtransfusion' d'ospidéil trí LearnProNHS.

Tá formhór na n-ospidéal in Éirinn agus cuid de na hinstitiúidí tríú leibhéal cláraithe ar an gclár. Cuimsítear leo baill foirne ospidéal agus fochéimithe cúraim sláinte i roinnt ollscoileanna atá ag gabháil do na modúil mar riachtanas éigeantach cúrsa.

## An tSeirbhís um Aifiréis Theiripeach (SAT)

Cuireann SAT in Ionad Chorcaí aifiréis theiripeach ar fáil d'othair i réigiún na Mumhan ag Ospidéal Ollscoile Chorcaí (OOC), Ospidéal Ollscoile na Trócaire (OOT) agus Ospidéal Bon Secours, Corcaigh. Aistrítear othair a bhfuil SAT de dhíth orthu as ospidéil eile sa cheantar chuig na háiseanna sin mar is cuí.

Comhairleoirí a stiúrann SAT agus tacaíonn Oifigigh Leighis Speisialtóra (OLSanna), an Cláraitheoir Speisialtóra agus Altraí atá oilte i ngnáthaimh theiripeacha leo. Déantar na gnáthaimh in aice leaba an othair trí fhearas aifiréise soghluaiste a úsáid; Terumo Spectra Optia. Cuirtear prótacail aifiréise ar fáil do gach othar ar bhonn aonair i gcomhar le foireann an ospidéil chliniciúil a rinne an t-iarratas, agus iad faoi stiúir 'Guidelines and Indications for Treatment' (ASFA, 2019-2023) Chumann Aifiréise Mheiriceá agus tugtar aird sa chleachtas seo ar threoirlínte eile, iad siúd ó Chumann Haemaiteolaíochta na Breataine (BSH 2015) san áireamh.

Feidhmíonn SAT laistigh de chóras bainistíochta cáilíochta Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann agus tá pearsanra oilte, cáipéisíocht rialaithe, nósanna imeachta caighdeánacha (NICanna), teicneolaíocht bhailíochtaithe agus monatóireacht ar theagmhais dhíobhálacha ann. Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ar theagmhais dhíobhálacha agus tá athruithe corpraithe in NICanna Teiripe IBTS, i bpolasaithe agus nósanna imeachta cuí ospidéil.

Freastalaíonn foireann SAT ar chruinnithe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus cloíonn siad le forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL), iniúchtaí san áireamh. Rinneadh 21 atreorú othar agus 120 gnáthamh le linn 2023. Chuimsigh siad seo Malairt Phlasma Theiripeach (MPT) agus malairt Fuilcheall Dearg (MFC). Bhí SAT i láthair ar 12 ócáid eile nuair a cuireadh gnáthaimh ar ceal i ndiaidh measúnú othair réamhghnáthaimh. Tá éagsúlacht ag baint leis an éileamh ar SAT agus is doiligh é a thuar. Tá an claonadh in atreoruithe néareolaíochta atá ag dul i méid comhardaithe ag laghdú in atreoruithe haemaiteolaíochta agus go pointe áirithe, atreoruithe duánacha le blianta gairide anuas.

### Treocht maidir le héileamh ar sheirbhísí

Taifeadann 'ospidéil iarrtha', 'speisialtachtaí cliniciúla', 'comhairligh atreoraithe', 'céim phráinne', 'catagóir ASFA' agus treochtaí de réir míosa, deireadh seachtaine agus lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre' inathraitheacht san éileamh ar SAT thíos.


Ó 2017 go dtí seo, cuireann ár seirbhísí 97 go 181 gnáthamh ar fáil in aghaidh na bliana, le 129 gnáthamh sa mheán gach bliain. Rinneadh 120 gnáthamh in 2023.

### Seirbhís Deireadh Seachtaine, Laethanta Saoire Bainc agus Lasmuigh de Ghnáthuaireanta


Is féidir go mbeidh aifiréis éigeandála ag teastáil i gcásanna ina bhfuil beatha nó orgáin i gcontúirt mhór.

Mar thoradh ar phrótacail laethúla/gach ré lá, is féidir go mbeidh seirbhís ag an deireadh seachtaine de dhíth. As na gnáthaimh a rinneadh in 2023, rinneadh 23 (19%) acu ag an deireadh seachtaine agus rinneadh fíorbheagán gnáthamh lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre i gcomparáid le blianta roimhe.


## Gnáthaimh Bhliantúla san Iomlán 2017- 2023




## Deireadh Seachtaine agus Laethanta Saoire Bainc 2023




## Othair de réir Speisialtachta




## Speisialtacht chliniciúil de réir othair agus gnáthaimh

I gcomhréir leis na treochtaí le déanaí, bhain formhór na n-atreoruithe le hothair a bhí i láthair mar gheall ar fhadhbanna néareolaíocha 15 (71%), fadhbanna duánacha ina dhiaidh sin 1 (5%) agus ansin fadhbanna haemaiteolaíochta 4 (19), agus fadhbanna a bhaineann le Leigheas Ginearálta 1 (5%). Tá Gnáthamh SAT agus gnáthamh MFC san áireamh leis.


## Aicíd Chorráncheallach

Lean SAT de chlár roghnach a tosaíodh 2020 chun Fuilchealla Dearga a mhalartú d'othar a bhfuil galar corráncheallach (GCC) air/uirthi, faoi threoir paraiméadar saotharlainne agus paraiméadar cliniciúil. Sa bhreis air sin, bhí gnáthamh MFC aonair ag teastáil ó othar amháin eile. In 2023, rinneadh 13 gnáthamh MFC san iomlán. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an éileamh sin de réir mar a thagann an cohórt réigiúnach d'othair phéidiatraiceacha in aibíocht mar dhaoine fásta.

### Soláthar seirbhíse d'othair de réir ospidéil 2018 - 2023




### Gnáthaimh de réir Ospidéil 2018-2023



## Soláthar Seirbhíse chuig ospidéil

Ba in OOC is mó a bhí éileamh ar SAT agus fuair 18% d'othair cóir leighis in 2023. D'atreoraigh OOT triúr othar go dtí SAT. Ní bhfuaireamar atreorú ar bith ó Ospidéal Bon Secours, Corcaigh, (OBSC) agus scoireadh de sheirbhís OBSC amhail mí na Samhna, 2023.

Comparáid ar sholáthar seirbhíse idir OOC, OOT agus OBSC le cúig bliana anuas, de réir othar agus gnáthamh.

## Treoirlínte Chumann Aifiréise Mheiriceá (ASFA)

Tá treoirlínte ASFA ann mar bhonn chun prótacail a phleanáil le haghaidh na cóireála don othar aonair. Tá siad sin bunaithe ar cháilíocht na fianaise tacaíochta agus ar láidreacht an mholta a thagann ón bhfianaise sin. Foilsíodh na treoirlínte is déanaí (an 9ú hEag.) in 2023.

| | |
|---|---|
| Catagóir I | Neamhoird a nglactar leis an aifiréis mar theiripe chéad líne ina leith, bíodh sé sin go neamhspleách nó i gcomhar le modhanna cóireála eile. |
| Catagóir II | Neamhoird a nglactar leis an aifiréis mar theiripe dara líne ina leith, bíodh sé sin go neamhspleách nó i gcomhar le cóireálacha eile. |
| Catagóir III | Níl ról barrmhaith na hAifiréise dearbhaithe – Cinnteoireacht ar bhonn indibhidiúil. |
| Catagóir IV | Neamhoird a léirítear nó a dtugtar le fios i bhfianaise atá foilsithe nach bhfuil éifeacht leis an aifiréis ina leith nó go bhfuil seans ann go mbeadh sí díobhálach. |

## Céim phráinne SAT atá ag teastáil

Ag brath ar theacht i láthair an othair, na hacmhainní atá ar fáil (eg. pearsanra agus trealamh), agus deiseanna cóireála eile atá ar fáil. Aicmíonn IBTS Éiritheach, Práinneach agus Gnách ar an mbealach seo a leanas le tagairt do threoir ASFA:


**Éiritheach:** SAT ag teastáil láithreach/ lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre – "beatha nó ball coirp" i mbaol eg. TTP, Géaraothú Malartaithe Fuilcheall Dearg, Hipearshlaodacht Chórasach.

**Práinneach:** SAT de dhíth agus is féidir fanacht go dtí an chéad lá eile oibre – Ag brath ar an gcás. Níl "beatha nó ball coirp" i mbaol láithreach, agus má chuirtear moill ar SAT, ní rachaidh riocht an othair in olcas go tapa. Is dócha nach ndéanfar díobháil bhuan don othar, má tá moill 24/48 uair leis agus ní dhéanfaidh an chóireáil próiseas an ghalair a leigheas láithreach.

**Gnáthamh:** SAT arna chur ar fáil ar an gcéad lá oiriúnach eile nó SAT beartaithe/gnách. Níl baol láithreach do "bheatha nó ball coirp" agus ní rachaidh riocht an othair in olcas mar gheall ar mhoill ar SAT. Ní dhéanfar díobháil bhuan don othar, má tá moill leis agus ní dhéanfaidh an chóireáil próiseas an ghalair a leigheas láithreach.

As na **21** othar a fuair Aifiréis Theiripeach in 2023, bhí teacht i láthair práinneach ag 18 nduine acu, teacht i láthair éiritheach ag duine acu agus gnách ag 2% acu.

## Othair de réir diagnóise agus leibhéal práinne




## Rochtain shoithíche ag othair agus ag gnáthaimh

Chun Aifiréis Theiripeach a dhéanamh, ní mór go mbeadh sruth fola den scoth ag an othar go háirithe do chlár dianchúraim nach maireann ach roinnt laethanta. B'fhéidir go mbeadh gá le tacaíocht a fháil ó Chataitéar Féitheach Lárnach (CFL) arna chur isteach ag na seirbhísí ainéistéiseolaíochta nó raideolaíochta san ospidéal atreoraithe.

In 2023, bhí Cataitéar Lárnach ag teastáil ón gcuid is mó d'othair le haghaidh Malairt Phlasma. LE CFL, is féidir aifiréis a dhéanamh ar rátaí níos airde go héasca chomh maith le rochtain ar fhéitheacha a chur ar fáil go seasmhach gan féitheacha an othair a pholladh go rialta. Tá cataitéir imeallacha an-oiriúnach do phleananna cóireála aifiréise i gcás gur cás lae roghnach nó gearrthéarmach é an teiripe atá beartaithe amhail MFD.

# Cáilíocht & Comhlíonadh

## Creat Cáilíochta

Sainmhínítear córas bainistíochta cáilíochta mar chóras atá curtha ar bhonn go foirmiúil agus a dhéanann próisis, nósanna imeachta agus freagrachtaí a thaifeadadh chun beartais agus spriocanna cáilíochta a bhaint amach. Cinntíonn cumarsáid le seirbhísí aifiréise eile agus freastal ar chomhdhálacha sa RA agus ar chomhdhálacha idirnáisiúnta go bhfuil seirbhís bunaithe ar fhianaise.

Leis na caighdeáin is airde cáilíochta a chur i bhfeidhm ar gach rud a dhéantar, léiríonn an fheidhm Cháilíochta a tiomantas do na caighdeáin sin i gcónaí. Leanann ár bpróisis ag comhlíonadh riachtanais rialúcháin chun táirgí agus seirbhísí atá sábháilte agus ar ardchaighdeán dár gcustaiméirí a chinntiú. Cabhraíonn cáilíocht go mór linn is neartaíonn sí ár spriocanna straitéiseacha chun tacú le cúram sláinte níos fearr, barr feabhais oibríochta a bhaint amach agus seirbhís custaiméara a fheabhsú. Is mian leis an IBTS a bheith i dtús cadhnaíochta sa tionscal maidir le cultúr cáilíochta a chur chun feidhme agus tacú leis, cultúr cáilíochta a thacaíonn leis an eagraíocht agus an cuspóir atá aici a bhaint amach .i. luach a chur ar fáil dár ndeontóirí agus dár n-othair go leanúnach.

### Ár bpríomhspriocanna

- Tacú le saotharlanna leighis IBTS agus le ranna eile chun caighdeáin idirnáisiúnta a chomhlíonadh
- Éifeachtúlacht a fheabhsú ar fud réimse gníomhaíochtaí cáilíochta
- Cur chuige solúbtha rioscabhunaithe a thabhairt isteach.

## Riachtanais Rialála a Chomhlíonadh

Is é an tÚdarás Rialála Táirgí Sláinte (ÚRTS) an comhlacht rialála a thugann údarás do IBTS chun táirgí Fola agus Fíocháin a tháirgeadh. Tá sé freagrach freisin as na forálacha faoi Threoracha an AE agus reachtaíocht um tháirgí Fola agus Fíocháin a riar.

Lean an ÚRTS lena gclár imscrúdaithe le linn 2023 agus thugadar imscrúduithe sna réimsí seo a leanas chun críche:

## Imscrúduithe ÚRTS

| Cineál údaraithe | Láthair/Limistéir Imscrúdaithe | Laethanta an Imscrúdaithe | Gníomhartha Comhlíontachta |
|---|---|---|---|
| Foras Fola | Ionad Luimnigh (& Clinic Chaladh an Treoigh) | 1 | 1 |
| | Baile Átha Fhirdhia & Clinic an tSeanchaisleáin) | 1 | 11 |
| | Ceatharlach (& Clinic Bhaile Cheatharlach) | 1 | 6 |
| | An tIonad Náisiúnta Fola | 5 | 11[1] |
| | Tuaim (& Clinic Chlár Chlainne Mhuiris) | 1 | 3 |
| Foras Fíocháin | CSNÉ | 1 | 3 |
| | An tIonad Náisiúnta Fola | 3 | 2 |
| **Iomlán** | **7** | **13** | **37** |

1. Easnamh mór amháin

## Measúnaithe INAB

| Cuairt Faireachais Chreidiúnú INAB | Láthair/Limistéar Measúnaithe | Laethanta an Mheasúnóra | Gníomhartha Comhlíontachta |
|---|---|---|---|
| **EN ISO 15189:2012** | Saotharlann Haemaiteolaíocht Imdhíonachta Ceall Dearg | 1 | 10 |

Comhlacht náisiúnta is ea Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) a bhfuil sé de fhreagracht air Saotharlanna a chreidiúnú in Éirinn i gcomhréir le ISO 15189:2012. Le linn 2023, fuair an tSaotharlann Haemaiteolaíochta Imdhíonachta Ceall Dearg a chéad chuairt faireacháin i ndiaidh gur bronnadh creidiúnú uirthi in 2022.

## Ag tacú le Táirgí agus Seirbhísí

Le bliain anuas, thug an Roinn Cáilíochta tacaíocht do gach foireann san eagraíocht trí chéile le cinntiú go leanann IBTS air na caighdeáin is airde ó thaobh bailiúchán, táirgthe agus tástála ar chórais agus seirbhísí de a chaomhnú. In 2023, tugadh isteach an Grúpa um Cháilíocht, Rialáil agus Rialú Sábháilteachta a mbeidh sé de chúram orthu, cur chuige cáilíochta, rialála agus rialaithe sábháilteachta san eagraíocht a bhunú, a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhíse.

## Dearbhú Cáilíochta

Le linn 2023, chuir an fhoireann DC feabhas ar oiliúint Córais Cáilíochta ar fud na hEagraíochta, chun teagmhais cháilíochta inmheánacha agus imscrúduithe CAPA a bhainistiú. Cuireadh tús le cruinnithe CAPA tiomnaithe agus reáchtáladh le ranna éagsúla iad le linn 2023.

Leanadh le comhpháirtíocht Gnó Cáilíochta i réimse SHICD, an Bhainc Fíocháin, CSNÉ agus Bailiúchán leis na hAltraí Bainisteora Cliniciúla.

2. Imscrúdaithe

Chun scileanna agus inniúlachtaí na feidhme DC a fheabhsú tuilleadh, cuireadh tús le clár forbartha foirne tiomnaithe agus cuirfear é chun cinn in 2024.

## Gníomhaíochtaí Dearbhaithe Cáilíochta

| Córas Cáilíochta | Iomlán |
|---|---|
| Tuairiscí Teagmhais | 494 |
| Gearáin Fola | 799 |
| Aisghairmeacha | 350 |
| Rialuithe Athraithe | 380 |
| Pleananna Rialaithe Athraithe | 85 |
| Orduithe athraithe d'athraithe ar dhoiciméid | 421 |
| Teagmhais Throma Dhíobhálacha | 143 |
| Frithghníomhartha Troma Díobhálacha | 35 |
| Faireachas Fíocháin (CSNÉ san áireamh) | 51[2] |

## Tástáil Cáilíochta

Le linn 2023, chuir na foirne Tástála Cáilíochta tacaíocht leanúnach ar fáil. Tá na saotharlanna seo a leanas sa réimse sin:

- An tSaotharlann Bainistithe Ábhair
- An tSaotharlann Tástála Baictéaraí
- An tSaotharlann Dearbhaithe Cáilíochta (Baile Átha Cliath agus Corcaigh)

## An tSaotharlann Bainistithe Ábhair

Déanann an tSaotharlann Bainistithe Ábhair raon d'fheidhmeanna riachtanacha do IBTS. Oibríonn sí go dlúth le Saotharlann HICD, Saotharlann Tacaíochta Eolaíochta agus Forbartha Comhábhar (TEFC), An Banc Fíocháin, Rialú Fardail, Forbairt Cleachtais agus Dearbhú Cáilíochta agus iad á gcur i bhfeidhm. I measc na bpríomhfhreagrachtaí atá ag an tsaotharlann tá:

- Bainistíocht agus cnuasghlacadh tomhaltán fíorthábhachtach, amhail pacaí fola, tacair pláitíní, lipéid chriticiúla, imoibrithe agus tuaslagáin
- Imscrúdú, tuairisciú agus treochtáil a dhéanamh ar fhabht sna hábhair, agus bailíochtú ar athruithe a bhaineann le hábhair
- Táirgí míochaine IBTS a imscrúdú agus a scaoileadh ar bhealach rialaithe agus aisghairmeacha táirgí a bhaineann le míochaine a bhainistiú
- Rannpháirtíocht i gCláir Dearbhaithe Cáilíochta Seachtracha
- Athruithe suntasacha a chur i bhfeidhm amhail na tacair Aifiréise TRIMA agus na lipéid Uimhreach Aitheantais Deonacháin chriticiúla
- Athbhreithniú agus barrfheabhsú ar an nós imeachta um ábhar criticiúla agus treochtáil agus rianú i dtaca le fabhtanna a bhaineann leis
- Málaí fola nua a bhailíochtú lenár rannpháirtíocht i gcuibhreannas an Phaca Fola Idirnáisiúnta (IBP1)
- Tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do réimsí eagraíochta eile amhail an tSaotharlann SHICD i dtaca le gníomhaíochtaí creidiúnaithe ISO15189
- Foireann ón tSaotharlann Dearbhaithe Cáilíochta a Chrosoiliúint agus oiliúint an Duine Fhreagraigh i dtaca le Dea-chleachtais Dáileacháin um Tháirgí Míochaine a chur i gcrích.

## Gníomhaíocht Bainistithe Ábhair

| 2023 | Ábhair Chriticiúla arna gcnuasghlacadh (Táirgí Míochaine san áireamh) | Fabhtanna féideartha arna n-imscrúdú Pacaí Fola Iomláine | Fabhtanna féideartha arna n-imscrúdú Tacair Pláitíní |
|---|---|---|---|
| Iomlán | >900 | 178 | 23 |

## An tSaotharlann Tástála Baictéaraí

Déanann an tSaotharlann Tástála Baictéaraí raon d'fheidhmeanna riachtanach do IBTS. Oibríonn sí go dlúth leis an mBanc Fíocháin in IBTS agus leis an tSaotharlann Chrióibhitheolaíochta (Ospidéal San Séamas). I measc na bpríomhfhreagrachtaí atá ag an tsaotharlann tá:

- Gach táirge pláitíní de chuid IBTS a scagthástáil in aghaidh baictéar, chun an baol go dtarchuirfí ionfhabhtú ó fhuilaistriú a laghdú
- Monatóireacht Timpeallachta ar Chlinicí IBTS, Táirgeadh agus limistéir Sheachadta na Seirbhísí Ospidéil
- Monatóireacht Timpeallachta ar Sheomraí Íonghlana IBTS a chomhlíonann riachtanais Aguisín I
- Frithghníomhartha Fuilaistrithe Amhrasta (FFAnna) a atreoraíonn ospidéil custaiméara chugainn
- Bogearraí MYLA a thabhairt isteach chun uirlisí 3T BACT/ALERT a bhainistiú
- Tástáil bhailíochtaithe shuntasach a chur i gcrích do thionscadal Laghdaithe Pataiginí
- Na hathruithe rialála atá de dhíth a thabhairt isteach i gcomhréir le hAguisín I de Threoirlínte Dea-chleachtais Déantúsaíochta an AE 'Táirgí Míochaine Steiriúla a Mhonarú'
- Rannpháirtíocht i gcleachtadh SMC ECMCS i dtaca le Scagthástáil Bhaictéarach Pláitíní.

## Gníomhaíocht tástála pláitíní

| 2023 | Pláitíní Taiscthe | Pláitíní aifiréise | Iomlán[3] | Pláitíní Taiscthe imithe caite | Pláitíní Aifiréise imithe caite | Iomlán caite |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Iomlán Scagthástáilte | 8,854 | 8,165 | 17,019 | 694 | 2,250 | 2,944 |

## Gníomhaíocht monatóireachta timpeallachta

- 5,026 sampla monatóireachta timpeallachta ó chlinicí, limistéir táirgthe agus seirbhísí ospidéil
- >15,000 samplaí monatóireachta timpeallachta ó limistéir Seomraí Íonghlana Ghrád A/B/C
- Áiritheoirí Cáithníní Aerotrak a thabhairt isteach chun monatóireacht a dhéanamh ar Sheomraí Íonghlana
- Deimhniú Comhlach ón mBord Idirnáisiúnta um Dheimhniú Tástála Seomraí Íonghlana (CTCB-I) ag beirt bhall foirne agus ballraíocht i gcumann Seomraí Íonghlana na hÉireann.

## An tSaotharlann Dearbhaithe Cáilíochta

Déanann na Saotharlanna Dearbhaithe Cáilíochta raon d'fheidhmeanna riachtanacha do IBTS. Oibríonn siad go dlúth leis na Clinicí Aifiréise, an tSaotharlann Comhábhar, Lucht Leighis agus Dearbhú Cáilíochta. I measc na bpríomhfhreagrachtaí atá ag an tsaotharlann tá:

- Monatóireacht cháilíochta ar phláitíní, fuilchealla dearga agus táirgí plasma i gcomhréir leis na ceanglais a leag an Stiúrthóireacht Eorpach um Cháilíocht Leigheasra (SECL) amach; comhaireamh pláitíní, haemaglóibin, haemataicrit agus ídiú leocaicítí (fuilchealla bána iarmharacha) a dheimhniú
- Aisghairmeacha ar chúiseanna a bhaineann le deontóirí nó táirgí a bhainistiú
- Uirlisí tástála fola HemoCue 301 le haghaidh chlinicí fola IBTS

## Gníomhaíochtaí Tástála Dearbhaithe Cáilíochta

| 2023[4] | Comhaireamh Pláitíní & Fuilchealla Bána Iarmharacha | | Comhaireamh Pláitíní & Fuilchealla Bána Iarmharacha | | Haemaglóibin, haemataicrit & fuilchealla bána iarmharacha |
|---|---|---|---|---|---|
| Aifiréis Pláitíní | 8165 | Pláitíní Taiscthe | 1978 | Fuilchealla Dearga | 2681 |

3. 26 pláitín inar aithníodh baictéir
Rinneadh 42 imscrúdú ar fhrithghníomhartha fuilaistrithe amhrasta

4. Táirgí fuilcheall dearg speisialtóireachta arna dtástáil le haghaidh haemaglóibine agus haemataicrite:
• 224 Fuilcheall Dearg, Plasma Laghdaithe
• 11 Fhuilcheall Dearg Ionnalta
• 8 bhFuilcheall Dhearga le haghaidh fuilaistriú idirútarach

- Tacaíocht tástála a chur ar fáil do TEFC agus do Thionscadail Bhailíochta chun críocha Bainistíochta Ábhair
- Cítiméadair Shreibhe FACSCalibur a bhailíochtú agus Cítiméadair Shreibhe FACSLyric nua a chur ina n-ionad
- Tástáil bhailíochtaithe agus anailís chun Bogearraí TRIMA v7.0.4 a thabhairt isteach le haghaidh uirlisí Aifiréise
- Tacú le tástáil Sheirbhís Fuilaistriúcháin Thuaisceart Éireann (NIBTS) le haghaidh tástáil fuilcheall bán iarmharach le linn aga neamhfhónaimh na n-uirlisí
- Cnuasghlacadh breis is 150 seachadadh imoibrithe le húsáid ag an tSaotharlann Diagnóisice i gCorcaigh.

## Gníomhaíocht bhailíochtaithe

| 2023 | Pleananna Rialaithe Athraithe (Dúnta) | Cothabháil Choisctheach / Calabrú | Cothabháil Cheartaitheach | Athcháiliú | Comhaontuithe Soláthraí |
|---|---|---|---|---|---|
| **Iomlán** | 164 | 1816 | 308 | 562 | 33 |

Le linn 2023, bailíochtaíodh méid suntasach trealaimh agus córas. Ina measc siúd bhí; an uirlis Trima 7.0.1 a thabhairt isteach i réimse na mBailiúchán agus an t-uasghrádú Trima 7.0.4 ina dhiaidh. Maidir le Táirgeadh, thug an fhoireann bailíochtaithe tacaíocht don Tionscadal Laghdaithe Pataiginí agus roinnt bailíochtuithe ar tháirgí comhábhair fola. Chuir na Saotharlanna bailíochtuithe i gcrích ar Abbott Architect Víreolaíochta, Measúnacht NAT UltrioPlexE, Córas Uisce Medica 120 agus Goradán CO2 um Monatóireacht Timpeallachta, in éineacht le roinnt modhanna tástála saotharlainne. Rinneadh bailíochtú ar iompar fíocháin cáilithe (ar Oighear Tirim) agus bailíochtú ar Thairseach Idirlín Deontóirí ePROGESA agus Córas Bainistíochta Sócmhainní Leictreonacha i dtaca le TF.

## Forbairt Córas Cáilíochta

Lean an Fhoireann Córas Cáilíochta orthu ag cur tacaíocht leanúnach ar fáil don fheidhm Cháilíochta agus don eagraíocht trí chéile le linn 2023. I réimse na Bainistíochta Doiciméad, thug an fhoireann seo tacaíocht shuntasach leanúnachais gnó ar fáil do ghníomhaíochtaí Rialaithe Doiciméad, le linn do bhaill foirne a bheith gann in DC.

Áiríodh air seo, athbhreithniú agus atheagrú ar thascanna an Riarthóra Córais agus an Rialaitheora Doiciméid. Cuireadh oiliúint ar an láthair ar bun arís in INF don chóras Bainistíochta Doiciméad SmartSolve, lenar áiríodh beartais agus nósanna imeachta oiliúna ábhartha. Forbraíodh nósanna imeachta oiliúna nua in éineacht leis na Rannóga Bailiúchán agus Táirgthe, chomh maith le hathbhreithniú agus bainistíocht leanúnach ar riachtanais oiliúna le haghaidh conraitheoirí seachtracha.

I measc thionscadail IBTS eile, ar thacaigh an réimse seo leo bhí:

- Anailís Bhearna i gcomhréir le ISO 15189:2022
- Foghlaim agus Forbairt agus Rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre Nuálaíochta
- Córas Bainistíochta Foghlama
- Tairseach Idirlín Deontóirí
- Tionscadal Tástála Déthreoch
- Athbhreithniú ar Threoirlínte Leighis
- Windows 10.

## Riosca & Athléimneacht

Rinneadh bainistíocht ar rioscaí a bhain le COVID go leanúnach tríd an gclárlann riosca corparáide agus an tuairisciú riosca ráithiúil chuig an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin, an Coiste Iniúchóireachta, Riosca agus Comhlíontachta agus Bord IBTS.

Lean an Grúpa um Bainistíocht Práinne Fola (BPA), a bunaíodh in 2021, air ag úsáid ***'Plean Bainistíochta Fola IBTS (BPA) chun ganntanais Comhábhair Fuilcheall Dearg a bhainistiú'***. Tagann an plean go maith leis an ***'Plean Náisiúnta Comhairleach Fuilaistriúcháin (NTAG) do IBTS, FSS agus Ospidéil i bPoblacht na hÉireann chun dul i ngleic le Ganntanais Cealla Dearg'***. Rinne IBTS achainí náisiúnta faoi dhó in 2023 chun cabhrú leis an stoc fola náisiúnta.

Rinneadh an Córas Bainistíochta Leanúnachais Gnó a dhaingniú tuilleadh san eagraíocht in 2023. D'éirigh leis an Tástáil Teagmhais a rinneadh ar ár saotharlanna tástála. Rinneadh Anailís Tionchair Gnó ar fud na heagraíochta ina hiomláine. Cabhróidh aschur na hanailíse seo le IBTS i dtaca le bearta pleanála leanúnachais gnó.



# Gníomhaíochtaí acadúla, Taighde agus Nuálaíocht

## Na príomhrudaí a baineadh amach

- Rannpháirteach in 15 bhfoilseachán phiarmheasúnaithe acadúla, agus tugadh 22 cur i láthair ag an iliomad comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta
- Seoladh an Lárionad Taighde um Rith Fola Mór agus Fuilaistriú (CRIMSON), comhthionscnamh taighde idir Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn agus IBTS
- Tosaíodh ag obair ar Chomhpháirtíocht Sláinte Dhomhanda, lenár gcontrapháirteanna i Seirbhís Náisiúnta Fuilaistriúcháin na Tansáine (NBTS)
- Cinntíodh lenár n-ionadaíocht ar ghrúpaí oibre na Comhghuaillíochta Eorpaí Fola (CEF), Barrmhaitheasa Bithleighis um Fhuilaistriú níos Sábháilte (BEST), An Chumainn Idirnáisiúnta um Fhuilaistriúchán (ISBT) agus Chumann Haemateolaóchta na hEorpa (EHA) go rabhamar ag cabhrú leis na ceisteanna éagsúla a théann i bhfeidhm ar sheirbhísí Fíocháin agus Fola
- Léiríomar leithne ár gcuid taighde lenár gcéad 'Lá Tionscadail Taighde' riamh
- Leanamar orainn ag cur le hacadúlacht trí pháirt a ghlacadh i gcúrsaí fochéime agus iarchéime ollscoile ar leigheas agus eolaíocht.

## Gníomhaíochtaí Taighde agus Tionscnaimh Straitéiseacha

Lean gníomhaíochtaí taighde orthu ag fás in 2023. D'fhreastalaíomar ar an gCumann Idirnáisiúnta um Fhuilaistriúchán i mí an Mheithimh, mar a raibh cúig chur i láthair comhdhála idir chamáin againn. Chomh maith leis sin, chuireamar sonraí taighde nua i láthair ar earcaíocht deontóirí Afracacha agus ar scagthástáil galair thógálaigh deontóirí ag an gComhdháil Eorpa um Shláinte agus Bainistíocht Deontóirí. Ós sinne Foras Fola agus Fíocháin na hÉireann, táimid i riocht maith chun a bheith ar thús cadhnaíochta maidir le taighde deontóirbhunaithe. Leis an rannchuidiú a thugamar do na comhdhálacha sin agus eile, léiríodh an dul chun cinn atá déanta againn i dtaca le 'deontóirí a chur i gcroílár faireachais sláinte poiblí'.

I mbliana, leagadh béim ar leith ar chomhpháirtíochtaí taighde fadtéarmacha a fhorbairt. In 2023, bronnadh maoiniú orainn ó ESTER Ireland chun comhpháirtíocht sláinte Dhomhanda a fhorbairt lenár gcontrapháirteanna i Seirbhís Náisiúnta Fuilaistriúcháin na Tansáine. Leis an gcomhpháirtíocht seo, tabharfar tús áite don inbhuanaitheacht fhrithpháirteach, oideachas, buntáistí taighde, comhpháirtíochtaí sláinte, agus leagfar béim ar tháirgeadh pláitíní a leathnú sa Tansáin. Thar aon ní eile, cabhróidh an malartú cultúir idir an dá eagraíocht linn foghlama níos mó i dtaobh deontóirí Afracach a earcú, a choinneáil agus éagsúlacht na ndeontóirí céanna.

I mí Dheireadh Fómhair, seoladh an Lárionad Taighde um Rith Fola Mór agus Fuilaistriú (CRIMSON), comhthionscnamh taighde idir Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn agus IBTS. Fuair an tionscnamh seo clúdach ó na meáin náisiúnta agus tá sé mar aidhm aige go dtuigfear na bunmheicníochtaí bitheolaíochta a théann i bhfeidhm ar fheidhmiú agus stóráil pláitíní, agus chomh maith leis sin, ar deireadh, ar an gcumas atá acu chun cur fola a chosc.

Rinneadh measúnú ar an ról méadaitheach atá ag Fuil, Fíochán agus Cealla (FFC) maidir le Táirgí Míochaine Ardteiripe (TMAT) inár dtaighde féin, agus i bhfoilseachán piarmheasúnaithe comhoibreach inar moladh 'FFC le haghaidh Forbairt agus Táirgeadh TMAT' (samhail BADAM). Déanfaidh comhpháirtíochtaí taighde méadaitheacha in éineacht le cuid mhaith de pháirtithe leasmhara TMAT Éireannacha tuilleadh meastóireachta ar an ról sin sa bhliain atá amach romhainn.

San iomlán, leanamar orainn ag comhlíonadh ár ngealltanais straitéisigh chun bonn fianaise a sholáthar lena mbeifear in ann feabhsuithe a dhéanamh ar sheirbhísí fola agus fíocháin sa todhchaí.


Bhí páirt againn i gceithre cinn déag d'fhoilseacháin phiarmheasúnaithe agus chuireamar ár dtorthaí i láthair ag riar mór comhdhálacha idirnáisiúnta agus náisiúnta. Déantar achoimriú ar na príomhthorthaí taighde thíos:

1. Description of the changing strategies for the detection of bacteria in platelet components in Ireland (O'Flaherty et al, 2023).
2. Body-mass index may impact the quality and function of cold-stored platelets following transfusion (Lorusso et al, 2023).
3. In vitro assessment of the safety and feasibility of platelet transfusion in the neonatal intensive care unit indicates the PICC line is non-inferior to other long catheters (Moore et al, 2023).
4. Is bacainní móra iad nach mór dul i ngleic leo agus deontóirí de bhunadh na hAfraice á n-earcú in Éirinn, an easpa eolais agus an difríocht idir deonachán altrúíoch agus deonachán athsholáthair.
5. Is féidir gur modh níos fearr é tástáil Feiritine chun uireasa iarainn a shainaithint, go háirithe i ndeontóirí mná.

# Straitéis

Ba é 2023 an tríú bliain do IBTS chun na cuspóirí straitéiseacha atá leagtha amach inár straitéis, ***Connections that Count – IBTS a Fhorbairt 2021 go 2025*** a chomhlíonadh. Déanann an Grúpa Feidhmithe Straitéise maoirseacht ar chur chun feidhme an phlean straitéise bhliantúil agus tháinig sé le chéile sé huaire le linn na bliana. Bhí oibríochtaí gnó díreach mar ba ghnách, mar sin féin bhí dúshláin ann maidir leis na 35 tionscnamh straitéiseach ar fad a bhí beartaithe a chur i bhfeidhm.

In ainneoin na ndúshlán seo, cuireadh tús leis an gcuid is mó de na tionscnaimh agus cuireadh chun cinn iad chuig leibhéil éagsúla in 2023. San íomhá thíos, tugtar forbhreathnú ar an dul chun cinn a rinneadh le linn na bliana. Tugann glas le fios gur cuireadh i gcrích é, ómra go bhfuil sé ag déanamh dul chun cinn, liath nár cuireadh tús leis an tionscnamh go fóill.



I measc na rudaí ar éirigh linn a dhéanamh in 2023, tá:

- Seoladh an Tairseach Idirlín Deontóirí ar Líne
- Cuireadh tástáil Mhaláire i bhfeidhm
- Faomhadh Straitéis Oideachais agus Oiliúna
- Bailíochtaíodh Teicneolaíocht Laghdaithe Pataiginí
- Reáchtáladh ceardlann smaointeoireachta deartha
- Cuireadh an Measúnú ar Riachtanais i gcrích mar chuid den chomhpháirtíocht sa Tansáin
- Cuireadh an comhéadan Déthreoch i bhfeidhm
- Imscaradh an córas bainistíochta sócmhainní leictreonacha
- Cuireadh tús leis an bhfeachtas chun deontóirí fola nua a earcú.

I mí na Bealtaine, reáchtáil an Bord athbhreithniú lárstraitéise agus comhaontaíodh na tosaíochtaí straitéiseacha don chuid eile den timthriall straitéiseach. D’aontaigh an Bord freisin go mbeadh níos mó béime ar cibear-athléimneacht, inbhuanaitheacht agus ar an mbuíon deontóirí agus éagsúlacht a mhéadú.



# Acmhainní Daonna

## Seirbhísí do Dhaoine

### Oibriúcháin Acmhainní Daonna

I gcomhréir lenár dtosaíochtaí straitéiseacha, chuireamar ár bplean fórsa saothair straitéiseach chun a chinntiú go raibh an tallann a raibh gá leis againn le tacú lenár n-uaillmhianta straitéiseacha ina n-iomláine. Tá an margadh i gcomhair cúram sláinte agus acmhainní daonna dúshlánach agus iomaíoch fós.

B'ionann an ráta athraithe foirne san iomlán agus 15.7% agus is laghdú 5% é sin ar ráta na bliana roimhe (16.8%) rud a chabhraigh plean spriocdhírithe earcaíochta agus coinneála leis. Is plean é ar cuireadh tús leis in 2022 chun tacú le Tallann a fháil go réamhghníomhach agus chun Tallann a bhainistiú, le gníomhartha comhlántacha i dtaca le folláine agus sóisialú. Cuireadh 136 feachtas earcaíochta i ngníomh in 2023, is mar thoradh ar dhaoine ag fágáil a bhí 101 acu.

### Earcaíocht / Athrú foirne



**620** fostaí
(540 coibhéis lánaimseartha)



**190** ceapachán nua
(Ba cheapacháin inmheánacha iad 75 den 190)



**101** duine ag fágáil




**8** ball foirne a d'imigh ar scor in 2023
(d'fhán triúr ball foirne ag obair i ndiaidh a n-aois scoir íosta)

**136** feachtas earcaíochta curtha i ngníomh

## Gradaim Seirbhíse Fada

In 2023;
Rinne **2** bhall foirne **40** bliain seirbhíse a cheiliúradh
Rinne **3** ball foirne **30** bliain seirbhíse a cheiliúradh
Rinne **26** ball foirne **20** bliain seirbhíse a cheiliúradh
agus **8** ball foirne **10** mbliana seirbhísea cheiliúradh.


## Próifíl aoise




## Asláithreacht

Ba é an ráta asláithreachta saoire breoiteachta san iomlán ná **6.00%** (v 6.35% an meánráta FSS). Níor bhain asláithreacht mar gheall ar COVID-19 ach le **0.37%** den ráta iomlán do IBTS (agus 0.66% de mheán FSS mar chomparáid).

## Próifíl Inscne



### Athbhreithniú ar Struchtúr na hEagraíochta

Leanadh leis an bPlean um Athbhreithniú ar Struchtúr na hEagraíochta in 2023. Ba iad na príomhéachtaí a baineadh amach i mbliana ná an tSamhail Chúraim Mhíochaine a fhorbairt agus tús a chur lena cur i bhfeidhm, agus an Creat Próisis Bharainnigh a chur chun cinn. Bunaíodh na Grúpaí Rialachais seo a leanas, Pleanáil Fórsa Oibre Straitéisigh, Cáilíocht agus Comhlíontacht, an Grúpa Cliniciúil agus Soláthar agus Éileamh. Rud eile a bhí riachtanach don Phlean um Athbhreithniú ar Struchtúr na hEagraíochta ná forbairt an Phlean Fórsa Oibre Straitéisigh, a cuireadh faoi bhráid na Roinne Sláinte in 2023.

## An Dualgas Comhionannais & Cearta Daonna san Earnáil Phoiblí a chur i bhFeidhm

### Ceapadh Beartais:

Agus é faoi stiúir reachtaíochta agus ceapadh beartais náisiúnta, chuir IBTS na beartais seo a leanas chun cinn i rith na bliana:

- Ár dtuairisciú i dtaca leis an mBearna Phá idir na hInscní a fhorbairt
- Reachtaíocht nuashonraithe a chur i bhfeidhm inár mBeartas Saoire Máithreachais, ár mBeartas Saoire Tuismitheoireachta agus ár mBeartas Saoire Tuismitheora; Ár mBeartas Saoire Míochaine agus ár mBeartas Tacaíochta agus Saoire Foréigin Baile agus Drochíde sa Teaghlach




- Ár mbeartas oibre cumaisc agus ár gCód Cleachtais nuashonraithe, ina mbeidh tagairt do neamhchlaontacht, a chur i bhfeidhm.

### Forbairt Clár Oiliúna:

Cuireadh na modúil oiliúna seo a leanas a bhaineann le comhionannas agus ionchuimsiú ar fáil don fhoireann in 2023:

- Dínit @ an Obair; Claontacht Neamh-chomhfhiosach a Shárú; Feasacht maidir le Claontacht Inscne; Feasacht LADTIA ag an Obair; Feasacht faoin bPobal Tras; Feasacht faoi Chomhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú; Feasacht Idirchultúrtha.

### Rannpháirtíocht ag an Obair:

- Bhí ócáidí ar fud na heagraíochta againn chun aitheantas a thabhairt do Lá Idirnáisiúnta na mBan; Seachtain Chomórtha na Néara-éagsúlachta; agus Bród 2023
- Cuireadh modúl nua tiomnaithe do Shláinte na mBan ar fáil ar ár dTairseach Chúnta d'Fhostaithe.

### Clár Ionchuimsithe:

Chuamar i gcomhpháirtíocht le Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill (CNÉD) i dtaca le teicneolaíocht thacúil chun cur ar chumas daoine faoi mhíchumas obair in IBTS. Táimid ag obair i gcomhar leis an ngrúpa pobail, Festina Lente chun socrúcháin oibre íoctha a chur ar fáil do dhaoine le deacrachtaí foghlama agus is eagraíocht urraíochta sinn atá i gcomhar le Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (CGFÉ) ina gClár Oideachais agus Socrúcháin do Dhídeanaithe (COSD) chun tacaíochtaí "ullmhú don obair" a chur ar fáil.

Tá IBTS mar bhall de Choiste Monatóireachta Míchumais na Roinne Sláinte i gcónaí.


## Teagmháil le Fostaithe

Rinneadh ár suirbhé foirne bliantúil agus bhí ráta freagartha de 43% aige. Rinneamar tomhas ar scóir mholtacha, rátaí sástachta foirne agus scóir bhróid.


- Ba iad na scóir mholtacha don eagraíocht ná 6.4 sa mheán agus ba é na scóir mholtacha don fhoireann/roinn ná 6.9. Léiríonn sé seo go bhfuil leibhéil mheasartha go measartha ard molta ag IBTS mar áit mhaith chun obair inti.
- Bhraith na leibhéil sástachta foirne ar na gnéithe a ndearnadh measúnú orthu. Bhí na leibhéil sástachta iomlána ar 63% sa mheán, ráta atá cuibheasach ard agus méadú 3% ar an leibhéal sástachta iomlán ón mbliain seo caite. Ba í sástacht lena gcumas a scileanna a chur i bhfeidhm sa ról ar 78% agus sástacht lena mbainisteoirí ar 74%, na rátaí sástachta is airde a cuireadh in iúl. Ba iad na rátaí sástachta ba lú a tuairiscíodh ná do dheiseanna forbartha gairme ar 41%. San iomlán, bhí méaduithe beaga le feiceáil maidir le sástacht i gcomparáid le torthaí na bliana seo caite
- Luadh sna freagraí go raibh leibhéil arda bróid ag an bhfoireann as bheith ag obair in IBTS, scór iomlán de 83 sa mheán.

Is é an tátal ginearálta is féidir linn a bhaint as na freagraí sin ná go bhfuil foireann fhíorbhródúil againn, le leibhéil chuibheasach ard acu maidir le sástacht poist, agus is dócha go molfaidh an eagraíocht agus a bhfoirne mar áit iontach chun obair inti.

Moladh na hEagraíochta




Moladh na Foirne/Roinne




Sástacht Foirne - san iomlán




Sástacht foirne - cumas scileanna a chur i bhfeidhm




Sástacht foirne - le bainisteoirí




Sástacht foirne - forbairt gairme



### Cumarsáid Inmheánach

Chuir an Grúpa Cumarsáide Inmheánaí an Plean Oibre um Chumarsáid Inmheánach chun cinn in 2023, agus an príomhchuspóir atá aige ná Téarmaí Tagartha, freagrachtaí rialachais agus teimpléad brandála agus ábhair don nuachtlitir chorparáideach a fhorbairt.

PULSE

Tá an nuachtlitir chorparáideach PULSE le foilsiú ar bhonn ráithiúil, agus cuireadh tús leis seo i ráithe 3, 2023.

Foilsíodh dhá eagrán in 2023. Táimid ag baint triail as leagan ar líne amháin a úsáid agus tá plean againn aiseolas a lorg chun cé chomh hinrochtana agus oiriúnach is atá sé do gach ball foirne a mheas.

Tionscnamh eile a cuireadh i gcrích ab ea na Treoirlínte Cumarsáide Corparáidí agus na Treoirlínte Béasaíochta Ríomhphoist trí fhillteán comhroinnte um beartais agus nósanna imeachta na Foirne Uile.

## Seirbhísí Foghlama agus Forbartha

### Ceannaireacht

Príomh-mhír straitéiseach do IBTS is ea infheistíocht leanúnach a dhéanamh i gceannairí a fhorbairt do gach réimse den eagraíocht. Tá an chomhpháirtíocht leanúnach le hOllscoil Luimnigh (OL) i bhfeidhm i gcónaí, le béim ar fhorbairt ceannairí ar fud gach réimse den tseirbhís.

### Bainistiú Tallainne

Dúshlán leanúnach is ea Bainistiú Tallainne i réimse na fostaíochta i ngach earnáil. I gcomhar lenár bhfeidhm leighis, thacaíomar leis an gcéad Samhail Chúraim um leigheas fuilaistrithe a fhorbairt 'Ionad Bairr Feabhais a Fhorbairt'. Dearadh an tSamhail Chúraim um Leigheas Fuilaistrithe chun gur féidir na seirbhísí leighis fuilaistrithe reatha, cúram deontóirí, seirbhísí othar, scagthástáil, taighde agus forbairt a leathnú agus chun seirbhísí nua a thabhairt isteach i dtaca le forbairt comhábhar agus teiripí ceallacha thar thréimhse 5 bliana. Ar an gcaoi chéanna, cuireadh straitéisí i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais tallainne eolaíochta athraitheacha IBTS i rith margadh dúshlánach.

### Forbairt Feidhmíochta

Le spreagadh as an nua, i ndiaidh na paindéime, is tosaíochtaí fós é Forbairt Feidhmíochta (FF) a chomhtháthú agus a ailíniú le gníomhaíochtaí oibríochta in 2023. Tá uirlisí FF chun tacú le rannpháirtíocht agus ceardlanna saincheaptha fós á gcur ar fáil ag an bhfoireann F&F, le méadú suntasach ar rannpháirtíocht i gcomparáid le huimhreacha 2022.

### Barainneacht/Solúbthacht

Ceann de na huaillmhianta atá leagtha amach i Straitéis Daoine agus Cultúir ONEHR is ea freastal ar riachtanais chustaiméirí ar bhealach solúbtha chun eispéiris daoine a fheabhsú. Tháinig treoirthionscadal Barainneach chun deiridh in 2023 le torthaí dearfacha i ngach treoirthionscadal. I measc na mbuntáistí a baineadh as, bhí laghdú costas, feabhsú próiseas agus rannpháirtíocht fostaithe. Mar thoradh air sin, beidh IBTS ag méadú imscaradh Barainneach ó scála agus ag déanamh infheistíochta ann mar chlár don eagraíocht trí chéile, agus ar an mbealach sin cabhrú le heispéiris ár ndaoine a fheabhsú.

## Bearna Phá idir Inscní

Leis an mBearna Phá idir Inscní, leagtar béim ar an neamhionannas córasach agus ar leithcheal san ionad oibre, rud a théann i bhfeidhm ar leas airgeadais mná agus a chuireann éagothromas inscne chun cinn. Tá sé riachtanach dul i ngleic leis an mbearna sin chun cothromas, éagsúlacht agus cumhachtú eacnamaíochta a chur chun cinn. Is ionann an Tuarascáil um Bearna Phá idir Inscní agus an difríocht idir an meán-olltuilleamh a fhaigheann mná agus fir in aghaidh na huaire in eagraíocht ar leith, arna sloinneadh mar chéatadán. Ní hionann é agus pá comhionann, rud a thagraíonn do chúiteamh céanna a thabhairt ar obair den luach céanna, is cuma cén inscne.

Léiríonn torthaí IBTS um bearna phá idir inscní, go dtuilleann mná i mbuanfhostaíocht agus fostaíocht shealadach lánaimseartha níos lú sa mheán in aghaidh na huaire ná mar a thuilleann a gcomhghleacaithe fir. Tá an treocht seo aisiompaithe de bheagán i gcás fostaithe páirtaimseartha.

Tá an luach saothair airmheánach in aghaidh na huaire níos lú i ngach catagóir mná i gcomparáid le fir.

Tá níos mó ban le fáil i ngach ceathairíl i ngach catagóir, rud atá ionadaíoch ar dhéimeagrafaic na heagraíochta (75%B, 25%F). Mar sin féin, is ionann 64% de mhná agus 82% go 88% de na hoibrithe sna ceathairíleanna ísle agus ísealmheánacha agus sealadacha.

Leanadh le ballraíocht IBTS sa Chlub 30% Fhoras Bainistíochta na hÉireann (FBÉ), rud a léiríonn go bhfuilimid tiomanta chun uaillmhianta ilghnéitheacha a ghlacadh isteach inár straitéis ONEHR a bhfuil sé mar aidhm aici cothromas inscne 30% ar a laghad a bhaint amach ar na leibhéil is sinsearaí san eagraíocht.

### Céatadán Ban agus Fear de réir Ceathairíle

**Lán Aimseartha**

| Íseal | Íseal mheánach | Ard mheánach | Ard |
|---|---|---|---|
| 65%B 35%F | 80%B 20%F | 69%B 31%F | 64%B 36%F |

**Páirt Aimseartha**

| Íseal | Íseal mheánach | Ard mheánach | Ard |
|---|---|---|---|
| 87%B 13%F | 86%B 14%F | 73%B 27%F | 83%B 17%F |

**Sealadach**

| Íseal | Íseal mheánach | Ard mheánach | Ard |
|---|---|---|---|
| 82%B 18%F | 88%B 12%F | 69%B 31%F | 67%B 33%F |

## Bearna IBTS i Luach Saothair Meánach in Aghaidh na hUaire

| Lán Aimseartha | Páirt Aimseartha | Sealadach |
|---|---|---|
| €33.87 €37.84 | €28.56 €28.59 | €24.01 €24.55 |
| **10.5%** | **-0.3%** | **2.2%** |

## Bearna IBTS i Luach Saothair Airmheánach in Aghaidh na hUaire


| Lán Aimseartha | Páirt Aimseartha | Sealadach |
|---|---|---|
| €33.42 €27.94 | €24.54 €25.49 | €18.53 €18.85 |
| **7.8%** | **4.4%** | **11.5%** |



# Timpeallacht, Sláinte agus Sábháilteacht

## Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta

D'éirigh le IBTS próiseas soláthair poiblí a chur i gcrích chun Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta a chur ar fáil. Cabhróidh an réiteach néalbhunaithe uile-fhiontraíochta le bainistiú agus le tuairisciú teagmhas sláinte agus sábháilteachta (timpistí, neastimpistí, teagmhais chontúirteacha, sábháil mhaith/breathnóireachtaí sábháilteachta), measúnuithe riosca agus iniúchtaí agus imscrúduithe. Tacóidh an córas leictreonach le Ráiteas Straitéise Pobail agus Cultúir IBTS 2021 go 2025 cur le caighdeáin inmheánacha maidir le comhlíontacht, inniúlacht, agus rannpháirtíocht agus chun monatóireacht a dhéanamh ar 'ár bhfeidhmíocht sláinte agus sábháilteachta chun cinnteoireacht a stiúradh'.




## Aitheantas Sábháilteachta

Le go mbeadh sé i gcomhthráth le Seachtain na hEorpa um Shláinte agus Sábháilteacht ag an Obair, 2023, agus chun cur le rath an tionscnaimh in 2022, reáchtáil Timpeallacht, Sláinte agus Sábháilteacht (TSS) tionscnamh Aitheantais Sábháilteachta chun obair na ranna agus na ndaoine eile a mhúscail feasacht i dtaca le S&S lena bhfoirne agus a gcomhghleacaithe a aithint agus a chomhroinnt.

## Obair Chumaisc

Chun tacú le beartas oibre cumaisc na heagraíochta agus chun na Rialacháin um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007 a chomhlíonadh chuaigh IBTS i gcomhar le soláthraí tríú páirtí chun tabhairt faoi mheasúnuithe cianda Trealaimh Scáileáin Taispeána (TST) agus chun tacaíocht a bhaineann leis a sholáthar do gach iarrthóir atá ag baint leas as obair chumaisc.

## Tacaíochtaí do Shláinte agus Folláine

Chun Lá Náisiúnta Folláine san Ionad Oibre a cheiliúradh i mí Aibreáin, reáchtáil IBTS Seachtain Folláine, agus bhí rogha d'ócáidí beo agus réamhthaifeadta mar chuid de chomh maith le hacmhainní úsáideacha a dhíríonn ar fholláine mheabhrach agus fhisiceach. I gcomhar lenár nGarchabhróirí Meabhairshláinte (cuspóir tábhachtach inár Ráiteas Straitéise Pobail agus Cultúir 2021 go 2025), sheol IBTS Cárta Acmhainní Cabhrach agus Tacaíochta IBTS. Soláthraíonn an cárta acmhainní póca/sparáin seo, ar féidir le baill foirne leaganacha leictreonacha nó crua a fháil de, sonraí maidir le seirbhísí tacaíochta atá ar fáil ar fud na tíre, lena n-áirítear línte cabhrach i dtaca le tacaíochtaí meabhairshláinte, méala agus andúile. Cuireann an acmhainn foirne seo sonraí teagmhála Sheirbhís Cúnta Fostaithe IBTS ar fáil freisin.

Chun go mbeadh teacht ag baill foirne ar fhaisnéis maidir le tionscnaimh agus tacaíochtaí sláinte agus folláine, foilsímid go rialta Feasacháin Sláinte agus Folláine IBTS, lena n-áirítear naisc chuig fillteán tiomnaithe Sláinte agus Folláine atá inrochtana ar dheasc gach fostaí.







## Teicneolaíocht Cumarsáide Faisnéise

Ba é an tionscadal teicneolaíochta ba shuntasaí a seoladh in 2023, ná córas áirithintí ar líne do dheontóirí a thabhairt isteach. Seoladh an córas i mí an Mheithimh agus roimh dheireadh na bliana, chláraigh breis is 30,000 deontóir le haghaidh áirithintí féinseirbhíse ar líne, agus rinneadh 24,000+ áirithintí ar líne.

Thacaigh an fhoireann le méid suntasach tionscadal faoi stiúir gnólachtaí, lena n-áirítear tástáil Mhaláire a thabhairt isteach do dheontóirí, Céim 1 den uasghrádú chuig comhéadan Medibridge a fhágann gur féidir torthaí tástála a sheoladh chuig agus ó ospidéil agus chuig agus ón tSeirbhís Tagartha Náisiúnta maidir le Víris, uasghrádú ar chóras Myla a úsáidtear chun Pláitíní a scagthástáil agus Moda a úsáidtear chun monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar sheomraí íonghlana.

Ó thaobh bonneagair de, leanadh leis an gclár leanúnach d'uasghráduithe córas, le huasghráduithe ar fhriothálaithe agus córais oibriúcháin éagsúla, bogearraí Frith-Víreas, líonraí WI-Fi i ngach ionad chomh maith lenár gclár leanúnach feabhsúchán cibear-athléimneachta.



# Inbhuanaitheacht

Tá sé mar aidhm ag Sainordú an Rialtais um Ghníomhú ar son na hAeráide astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le fuinneamh a laghdú faoi 51% roimh 2030. Chuir Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann tús lena Treochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide agus liosta tionscadal molta chun an sprioc seo a chomhlíonadh.

Ceanglaítear ar IBTS a chinntiú go n-uaslódáiltear gach ídiú fuinnimh i gceart agus i gcomhréir le treoirlínte Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) ÚFIÉ (Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann). Úsáidtear na sonraí atá ar fáil ón gcóras M&T chun an méid atáimid gann ar ár sprioc (i.e. laghdú 51% ó thaobh ár n-astaíochtaí carbóin agus feabhsú 50% in éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030) a shainaithint agus béim a leagan ar arduithe tobanna in ídiú bliantúil, nó ar ábhair imní.

Is féidir linn ár dtionscadail uasghrádaithe éifeachtúlachta fuinnimh a chur ar bhunachar sonraí M&T rud a leagfaidh béim ar mhéid na n-acmhainní agus caipitil atá ag teastáil chun ár gcuspóirí 2030 a bhaint amach.


Taifeadtar ídiú fuinnimh na heagraíochta gach bliain i gcomhair gach suímh. Is é an soláthraí fuinnimh leictreachais, theirmigh (Gás, Ola, GPL) a sholáthraíonn na sonraí sin. Uaslódáiltear an fhaisnéis sin chuig córas Monatóireachta agus Tuairiscithe (M&T) ÚFIÉ don earnáil phoiblí.

## Ídiú Fuinnimh Bliantúil Iomlán (cileavatuaireanta)

D'ídigh IBTS 7,044,710 cileavatuair fuinnimh san iomlán is tháirg sé 1,836 tonna d'astaíochtaí carbóin in 2023.

| Saoráid 2023 | Ídiú Fuinnimh | | C02 | |
|---|---|---|---|---|
| | Cileavatuaireanta/Bliain | % | TCO/Bliain | % |
| Leictreachas | 3,646.785 | 52% | 1,211 | 66% |
| Gás Nádúrtha | 3,297,925 | 48% | 625 | 34% |

## Ídiú fuinnimh iomlán an Stoic Foirgneamh 2023 (cileavatuaireanta)




## Ídiú fuinnimh iomlán an Ionaid Náisiúnta Fola (cileavatuaireanta)

Is é an tIonad Náisiúnta Fola an t-úsáideoir fuinnimh is mó as na suímh ar fad atá i stoc foirgneamh na heagraíochta. San iomlán, tá an tIonad Náisiúnta Fola freagrach as 92% den fhuinneamh a ídíonn an eagraíocht gach bliain.


Mar gheall ar a mhéid, a ídiú fuinnimh agus a chastacht, díreoidh IBTS ar an Ionad Náisiúnta Fola chun tionscadail coigilte fuinnimh a chur i bhfeidhm ann. Beidh tionchar níos mó ag na bearta uasghrádaithe fuinnimh a chuirfear i bhfeidhm sa tsaoráid ar an eagraíocht trí chéile, ós rud é go mbeidh na coigiltis fuinnimh agus charbóin a bhainfidh leis i gcónaí níos mó ná na cinn atá ar fáil i saoráidí IBTS eile. Chun spriocanna athraithe aeráide 2030 a bhaint amach, beidh sé mar aidhm againn an tIonad Náisiúnta Fola a dhícharbónú.

## Ídiú Fuinnimh Míosúil an Ionaid Náisiúnta Fola 2023 [cileavatuaireanta]




Is é an gnáthídiú míosúil ná 262,012 cileavatuair agus baineadh an t-ídiú fuinnimh is mó amach i mí an Mheithimh 2023. Tá an úsáid fuinnimh ar an suíomh mórán mar an gcéanna thar an 12 mhí. Tá buanriachtanas fuaraithe ann ar fud na saoráide. Is é an t-ualach méadaithe ar na trí fhuarthóirí INF faoi deara don mhéadú i míonna an tsamhraidh.

## Ídiú gáis míosúil an Ionaid Náisiúnta Fola 2023




Rinneadh anailís ar ídiú gáis 2023 chun an méid teasa a chuireann na coirí ar fáil don tsaoráid a dhéanamh amach. Scrúdaíodh san anailís ídiú gás laethúil trí bhreathnú ar shonraí billeála, agus cuireadh na fachtóirí seo a leanas i bhfeidhm:

- Asbhaineadh den ríomh lamháltas don ídiú gáis a bhaineann leis an gcistin
- Cuireadh éifeachtúlacht coire 77% i bhfeidhm ar na ríomhanna, rud a fhágann as na cileavatuaireanta Gáis ar fad a chuirtear ar fáil do shuíomh, nach ndéanann na coirí fuinneamh úsáideach teirmeach ach as 77% de ghás. Is féidir an 33% atá fágtha a leagan ar chaillteanais trealaimh mar gheall ar neamhéifeachtúlachtaí, aois agus dearadh bunaidh na gcoirí.

## Treochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide

Doiciméad beo is ea an Treochlár Gníomhaithe ar son na hAeráide a dhéantar a athbhreithniú agus a nuashonrú gach bliain chun an méid seo a leanas a léiriú:

(i) Athruithe ar an ídiú fuinnimh a thuairiscítear

(ii) Aon tionscadail uasghrádaithe fuinnimh arna gcur i bhfeidhm

(iii) Dul chun cinn chun Spriocanna a bhaint amach

(iv) Laghdú faoi 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030, laghdú 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh

(v) Aon athruithe ar bheartas an rialtais i ndáil leis an bplean gníomhaithe ar son na haeráide

Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt dár n-iarrachtaí gníomhaithe ar son na haeráide, fuair IBTS tacaíocht sheachtrach chun iniúchadh fuinnimh mionsonraithe a dhéanamh ar an Ionad Náisiúnta Fola. Cuirfear é seo i gcrích in 2024 agus cuirfidh sé clár deiseanna ar fáil maidir leis na tionscadail is féidir le IBTS tabhairt fúthu rud a thacódh le dea-chleachtais éifeachtúlachta fuinnimh agus a rachaidh i ngleic leis an méid atáimid gann ar chuspóirí 2030. Cé gur oibrigh ár gCoiste Inbhuanaitheachta ar thionscnaimh áitiúla roinne, e.g. ‘marsantú glas’ agus athchúrsáil sa chlinic, aithníodh go mbeadh saineolas inbhuanaitheachta ag teastáil chun tacú lenár gcéad straitéis inbhuanaitheachta a fhorbairt. Rinneadh an cinneadh Ceannaire Inbhuanaitheachta agus Gníomhaithe ar son na hAeráide a earcú, agus beidh sé seo i bhfeidhm in 2024. Faoi mar a tharla in 2022, lean IBTS air ag glacadh páirt i bhfeachtas éifeachtúlachta

fuinnimh na hearnála poiblí 'laghdaigh d'úsáid' lena n-áirítear teocht an teasa agus fad atá an teas ar siúl a laghdú i limistéir áirithe san Ionad Náisiúnta Fola. Tá IBTS ag tnúth le dul chun cinn fiúntach a dhéanamh ar a aistear inbhuanaitheachta in 2024.

## Green lab

Is éard atá i gClár Measúnaithe My Green Lab (MGL) ná eagraíocht idirnáisiúnta, neamhbhrabúis, a chuireann deimhniú inbhuanaitheachta ar fáil do shaotharlanna ar fud na cruinne. D'éirigh leis an tSaotharlann Náisiúnta Scagthástála Deontóirí (SNSD) deimhniú green lab a bhaint amach le MGL in 2021, agus athdheimhníodh na saotharlanna NSD mar Shaotharlann Deimhnithe Leibhéil Ghlais i mí na Nollag 2023.

Chríochnaigh saotharlanna IBTS eile an measúnú bonnlíne My Green Laboratory i mí Aibreáin 2023, agus i láthair na huaire tá siad i mbun na ngníomhartha a aithníodh sa mheasúnú chun tionchar timpeallachta a spáis saotharlainne a laghdú agus inbhuanaitheacht saotharlainne a fheabhsú sna 6-12 mhí atá le teacht. Tá cleachtais chomhshaoil ghlasa curtha i bhfeidhm agus éifeachtúlachtaí bainte amach trí athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais atá ann cheana, lena n-áirítear úsáid fuinnimh agus uisce, bainistiú dramhaíola, ceannach inbhuanaithe agus taisteal.



# Airgeadas

| | 2023 | 2022 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **Ioncam** | | |
| Ioncam athfhillteach | 81,835 | 71,394 |
| Ioncam neamh-athfhillteach | 2,467 | 3,629 |
| Ioncam Iomlán | 84,302 | 75,023 |
| | | |
| **Caiteachas** | | |
| Caiteachas iomlán | 80,966 | 80,009 |
| Barrachas / (Easnamh) na bliana | 3,336 | (4,986) |
| | | |
| Méadú / (caillteanas) achtúireach ar scéimeanna pinsin | (2,071) | 73,052 |
| Aistriú go Cúlchistí Caipitil | (90) | - |
| Aistriú go dtí an Cúlchiste Taighde | (192) | (264) |
| Easnamh Carnach ar 1 Eanáir | (5,061) | (72,863) |
| Easnamh Carnach ar 31 Nollaig | (4,078) | (5,061) |

## Ioncam

Déantar anailís ar an €84.3 milliún (€75 milliún in 2022) a bhí mar ioncam iomlán ag an mBord in 2023 de réir ioncam athfhillteach agus neamh-athfhillteach. Is ionann ioncam athfhillteach agus ioncam a fuarthas ó dhíolacháin táirgí agus seirbhísí a chuirtear ar fáil d'ospidéil de €81.8 milliún (€71.4 milliún in 2021). Cuimsítear in ioncam neamh-athfhillteach de €2.5 milliún (€3.6 milliún in 2022) deontas ón Roinn Sláinte maidir le tástáil HEV agus maoiniú iarchurtha do scéim pinsin aonair na seirbhíse poiblí. Léiríonn an méadú ar ioncam athfhillteach an t-ardú ar phraghsanna ó 1 Eanáir 2023. Léiríonn sé chomh maith an méadú ar líon na dtástálacha a rinneadh i gcomparáid leis an mbliain roimhe.

## Caiteachas

Ba é €81 milliún an caiteachas in 2023 (€80 milliún in 2022). Bhí muirear pinsin laghdaithe ann faoi FRS102 in 2023 lenár fritháirodh caiteachas níos airde ó thaobh táirgí a cheannach le haghaidh Fíocháin agus Smeara chomh maith le hOctaplas agus Táirgí Fola. Bhí caiteachas níos airde ann freisin i dtaca le himoibrithe mar gheall ar an méadú ar líon na dtástálacha.

## Cúlchistí

Tá Cúlchiste caipitil ag an mBord chun áiseanna nua a fhorbairt i gCorcaigh. Ba é iarmhéid an chiste ag deireadh na bliana dar críoch an 31 Nollaig, 2023 ná €10.68 milliún. (€10.59 milliún in 2022)

Ba é iarmhéid na gcistí taighde ar an 31 Nollaig 2023 ná €3.3 milliún. (€3.1 milliún in 2022).

## Caiteachas Caipitiúil

D'infheistigh an Bord €2.1 milliún i dtionscadail chaipitiúla agus trealamh le linn 2023 (€1.4 milliún in 2022).

Is iad na príomhinfheistíochtaí caipitiúla a rinneadh le linn na bliana ná caibinéid sábháilteachta bitheolaíochta agus cítiméadair a fháil chun cur in ionad na gceann a bhí ann cheana, chomh maith le seoladh ár gcórais nua coinní ar líne.

Tosaíodh obair ar shainchúram dearaidh in 2023 mar chuid den tionscadal chun Ionad IBTS ar Champas Ospidéal Naomh Fionnbarra a athfhorbairt. Cuirfear é i gcrích go luath in 2024 agus mar thoradh air beifear in ann foireann deartha tionscadail iomlán a fhostú. Tionscadal ilbhliantúil do IBTS a bheidh ann.

## Reachtaíocht um Íocaíocht Phras

Cloíonn an Bord le ceanglais na Reachtaíochta um Íocaíocht Phras ach amháin i gcás go luaitear a mhalairt thíos. Is é an creidmheas caighdeánach a ghlacann an Bord, ach amháin má luaitear a mhalairt i socruithe conartha ar leith, 30 lá tar éis an sonrasc a fháil, nó tar éis deimhniú a fháil go bhfuarthas na hearraí nó na seirbhísí ar gá íoc astu. Is é polasaí an Bhoird a chinntiú go n-íoctar gach cuntas go pras. Le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2023, faoi théarmaí na reachtaíochta is infheidhme, bhí sonraisc ar luach €260,235.47 déanach, ar feadh 13.59 lá ar an meán. B'ionann na sonraisc sin agus 1.02% de líon agus 0.57% de luach na n-íocaíochtaí go léir a rinneadh le soláthraithe as earraí agus seirbhísí i rith na bliana. B'ionann iomlán an úis agus na bhfíneálacha a íocadh maidir le gach íocaíocht dhéanach agus €6,706.81

Déanann an Bord athbhreithniú i rith an ama ar na nósanna imeachta riaracháin a úsáidtear, chun a laghad ama agus is féidir a chaitheamh ag plé le fiosruithe agus réiteach sonrasc agus leis an bpróiseas faofa agus íocaíochta.

# Sonraí Teagmhála

**Iniúchóirí**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Foirgneamh an Státchiste
Clós Íochtair an Chaisleáin
Caisleán
Bhaile Átha Cliath 2

**Aturnaetha**
Philip Lee LLP
Teach Connacht
1 Bóthar Burlington
Baile Átha Cliath 4
D04 C5Y6

**Baincéirí**
Bainc-Aontas Éireann
Sráid an Dáma
Baile Átha Cliath 2

## Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann

**An tIonad Náisiúnta Fola**
Sráid San Séamas
Baile Átha Cliath 8 D08 NH5R
t: 01/4322800
r:contactus@ibts.ie

www.giveblood.ie
Líne eolais do dheontóirí 1800731137
www.facebook.com/giveblood
www.twitter.com/giveblood.ie

**Ionad Chorcaí**
Ospidéal Naomh Fionnbarra
Bóthar Dhúglais
Corcaigh T12 Y319
t: 021/4807400

**Clinic Deonaithe Fola Bhaile Átha Cliath**
2-5 Sráid D'Olier
Baile Átha Cliath 2 DO2 TK51
t: 01/4745000

**Clinic Deonaithe Fola Stigh Lorgan**
6 Seanbhóthar Bhaile Átha Cliath
Stigh Lorgan
Co. Bhaile Átha Cliath A94 NX47
t: 1850 808 808

**Ionad Bhaile Átha Fhirdhia**
Sráid Eoin
Baile Átha Fhirdhia
Co. Lú A92 HCP4
t: 041/6859994

**Ionad Cheatharlach**
Eastát Tionsclaíochta Bhaile Mhic Thiarnáin
Bóthar Bhaile Haicéid
Ceatharlach R93 AC82
t: 059/9132125

**Ionad Thuama**
Aonad 2
Páirc Ghnó na Feá
Bóthar Weir
Tuaim
Co na Gaillimhe H54P229
t: 093 70832

**Ionad Luimnigh**
Teach Carrig
Ascaill Chloch an Chéitinnigh
Lárionad Gnó an Ráithín
Luimneach V94 AH97
t: 061 306980


O+
O-
A+
26%
A-
5%
of the irish population
B+
9%
of the irish population
2%


AB+
2%
of the irish population
AB-
1%
of the irish population

Irish Blood
Transfusion Service
Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann